Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Samhain 2026
(OR. en)

16209/26

SOC 782
ANTIDISCRIM 116
GENDER 179
JAI 1473
FREMP 363
COHOM 147
EDUC 470

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Samhain 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 602 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh i bhfianaise chreat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach agus an Mholta ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 602 final.

Faoi iamh: COM(2026) 602 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.11.2026
COM(2026) 602 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh i bhfianaise chreat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach agus an Mholta ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach

{SWD(2026) 330 final}

Clár

RÉAMHRÁ **1**

I. COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AGUS AN ACMHAINNEACHT INSTITIÚIDEACH **2**

II. CUSPÓIRÍ AN AONTAIS **5**

II.I An frithghiofógachas agus an t-idirdhealú a chomhrac agus a chosc 5

II.II An bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú 8

II.III Rannpháirtíocht a chur chun cinn trí chumhachtú, comhar agus iontaoibh 10

II.IV Rochtain chomhionann éifeachtach a mhéadú ar oideachas príomhshrutha cuimsitheach ardcháilíochta 12

II.V Rochtain chomhionann éifeachtach a mhéadú ar fhostaíocht inbhuanaithe ardcháilíochta 14

II.VI Sláinte na Romach a fheabhsú agus rochtain chomhionann éifeachtach ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí sóisialta ardcháilíochta a mhéadú 17

II.VII Rochtain chomhionann éifeachtach ar thithíocht leormhaith iar-leithscartha agus ar sheirbhísí riachtanacha a mhéadú 19

III. NA ROMAIGH I RÉIGIÚN AN MHÉADAITHE **21**

IV. GNÍOMHAÍOCHT AN AONTAIS **23**

CONCLÚID **28**

RÉAMHRÁ

Fothaíodh an tAontas Eorpach (AE) ar an bprionsabal gur cheart go mbeadh a chuid saoránach uile in ann páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí. Is bunluachanna de chuid an Aontais iad comhionannas, cuimsiú agus urraim do chearta bunúsacha, ar bunluachanna iad lena dtreoraítear reachtaíocht, beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais. Is luachanna iad sin atá ríthábhachtach don chomhtháthú sóisialta, athléimneacht eacnamaíoch agus iomaíochas fadtéarmach. Sa chomhthéacs sin agus i gcomhréir lena chlár oibre maidir le hAontas an Chomhionannais, tá an neamd-idirdhealú agus an cuimsiú ina bpríomhthosaíochtaí ag an gCoimisiún. Is dlúthchuid den ghealltanas sin é comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach a chur chun cinn agus is cuidiú é chun na cearta agus na prionsabail a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha a chur chun feidhme.

Is iad na Romaigh[1] an mionlach eitneach is mó san Eoraip, pobal measta idir 10 milliún agus 12 mhilliún duine ar fud na mór-roinne, agus níos mó ná 6 milliún díobh ina gcónaí san Aontas.[2]. Meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an líon sin le haontachas tíortha sna Balcáin Thiar. D'ainneoin iarrachtaí leanúnacha náisiúnta agus iarrachtaí an Aontais, caithfidh go leor Romach fós dul i ngleic le hidirdhealú, frithghiofógachas agus eisiamh socheacnamaíoch. Chun aghaidh a thabhairt ar na neamhionannais leanúnacha sin, glacadh creat straitéiseach neartaithe an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach don tréimhse 2020-2030 an 7 Deireadh Fómhair 2020. Tugadh isteach leis seacht gcuspóir ar leibhéal an Aontais[3], agus den chéad uair moladh príomhspriocanna cainníochtúla de chuid an Aontais do 2030. Cuirfear 'cur chuige coiteann ach difreáilte' chun cinn leis faoina n-oibreoidh na Ballstáit uile i dtreo cuspóirí comhroinnte ar leibhéal an Aontais a bhaint amach agus gealltanais íosta a chur chun feidhme, agus a mbearta a chur in oiriúint freisin do chúinsí náisiúnta a bpobal Romach agus dá méid. Meastar go nglacfaidh Ballstáit ina bhfuil pobail mhóra Romacha gealltanais níos uaillmhianaí. Treisíodh an creat le Moladh ón gComhairle an 12 Márta 2021 inar gheall na Ballstáit go ndéanfaidís a gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Tacaíonn pointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh, cistiú ón Aontas, sásraí faireacháin agus foghlaim fhrithpháirteach le cur chun feidhme na n-ionstraimí sin de chuid an Aontais, a sholáthróidh creat comhroinnte i dteannta le chéile le haghaidh gníomhaíochta, cuntasachta agus comhordaithe, lena ndéanfar gealltanas comhchoiteann Eorpach de spriocanna coiteanna.

---

[1] Leis an tagairt do 'Romaigh', mar scátd-théarma, cuimsítear raon leathan daoine éagsúla de bhunadh Romach amhail: Romaigh, Sintígh, Kale, Romanichels agus Boyash/Rudari. Cuimsítear leis freisin grúpaí amhail Aiscealaígh, Éigiptigh, an pobal léineach, pobal Dom, pobal Lom, pobal Rom agus pobal Abdal, chomh maith le pobail lucht siúil, lena n-áirítear an Lucht Siúil eitneach nó iad siúd a ainmnítear faoin téarma riaracháin *Gens du voyage* agus daoine a bhfuil féiniúlacht Giofóg, Tsiganes nó Tziganes acu, gan saintréithe sonracha na ngrúpaí sin a shéanadh.

[2] Comhairle na hEorpa, an Coimisinéir um Chearta an Duine (2025), An 12 Mhilliún Neamhchloiste – Fógra tionscnaimh práinneach eisithe ag Coimisinéir Chomhairle na hEorpa chun gníomhú ar son chearta na Romach agus an Lucht Siúil, 1 Deireadh Fómhair 2025.

[3] i) An frithghiofógachas agus an t-idirdhealú a chomhrac agus a chosc; ii) An bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú chun an bhearna shocheacnamaíoch idir na Romaigh agus an pobal i gcoitinne a dhúnadh; iii) Rannpháirtíocht a chur chun cinn le cumhachtú, comhar agus iontaoibh; iv) Rochtain chomhionann éifeachtach ar oideachas príomhshrutha cuimsitheach ardcháilíochta a mhéadú; v) Rochtain chomhionann éifeachtach ar fhostaíocht ardcháilíochta inbhuanaithe a mhéadú; vi) Feabhas a chur ar chúrsaí sláinte agus rochtain chomhionann éifeachtach ar chúram sláinte ardcháilíochta agus ar sheirbhísí sóisialta ardcháilíochta a mhéadú; agus vii) Rochtain chomhionann éifeachtach ar thithíocht leormhaith dhídheighilte agus ar sheirbhísí fíor-riachtanacha a mhéadú.

Mar chuid de thimthriall faireacháin débhliantúil chreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, cuirfidh na Ballstáit uile[4] tuarascálacha dul chun cinn ar a gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Ar an mbonn sin, foilseoidh an Coimisiún measúnú comhdhlúite ar an dul chun cinn ar fud an Aontais. Sa tríú tuarascáil cur chun feidhme seo ón gCoimisiún cumhdaítear forbairtí idir 1 Meitheamh 2023 agus 31 Márta 2025[5].

Anuas ar na tuarascálacha náisiúnta, tarraingíonn an measúnú seo ar dhá fhoinse fianaise eile. Ar an gcéad dul síos, Suirbhé Romach 2024, arna dhéanamh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, lena soláthraítear sonraí inchomparáide maidir le staid na Romach[6]. Ar an dara dul síos, ionchur ó eagraíochtaí sochaí sibhialta Romacha agus eagraíochtaí sochaí sibhialta atá ar son na Romach agus ó pháirtithe leasmhara eile (dá ngairtear 'geallsealbhóirí' anseo feasta), a bailíodh trí thrí phríomhthionscnamh: an Tionscnamh um Fhaireachán Sibhialta ar na Romaigh, Idirphlé tiomnaithe Cur Chun Feidhme leis an gCoimisinéir Lahbib agus Glao ar Fhianaise. Tugann na hionchuir sin léargas fiúntach ar na dúshláin a gcaithfidh páirtithe leasmhara dul i ngleic leo chun creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh a chur chun feidhme agus ar bhealaí chun feabhas a chur ar a chur chun feidhme.

Tá bearta déanta ag na Ballstáit chun rialachas agus faireachán a neartú, chun an frithghiofógachas agus an t-idirdhealú a chomhrac, agus chun feabhas a chur ar rochtain na Romach ar oideachas, fostaíocht, cúram sláinte agus tithíocht, lena n-áirítear trí thionscnaimh arna gcistiú ag an Aontas. Sna torthaí ó Shuirbhé 2024 ar na Romaigh léirítear feabhsuithe ó bhí 2016 ann, lena n-áirítear laghduithe ar ghéardhíth ábhartha agus ar chion na Romach óg nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET), méadú ar chion na Romach in obair íoctha, rannpháirtíocht mhéadaithe in oideachas agus i gcúram na luatd-óige, agus dálaí tithíochta feabhsaithe. Mar sin féin, tá an dul chun cinn fós míchothrom ar fud na mBallstát agus na réimsí beartais, agus tá dúshláin shuntasacha fós ann maidir le gealltanais bheartais a aistriú ina bhfeabhsuithe nithiúla do na Romaigh.

Déantar measúnú sa tuarascáil seo ar chur chun feidhme na gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh agus ar an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí agus na spriocanna a leagadh amach i gcreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh. Cumhdaítear leis freisin forbairtí i réigiún an mhéadaithe agus gníomhaíochtaí ábhartha ar leibhéal an Aontais. Comhlánaítear é le doiciméad inmheánach oibre ina bhfuil bileoga eolais tíre a d'ullmhaigh an Coimisiún agus forléargas ar spriocanna cainníochtúla náisiúnta agus ar an dul chun cinn tuairiscithe a d'ullmhaigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (féach Foscríbhinn).

I. COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AGUS AN ACMHAINNEACHT INSTITIÚIDEACH

Tá rialachas éifeachtach ríthábhachtach chun na creataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh a chur chun feidhme. Cé gur bhunaigh na Ballstáit uile struchtúir rialachais a dhíríonn ar phointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh, tá difríochtaí suntasacha fós ann maidir le

[4]Cé is moite de Mhálta.
[5]Ní áirítear sa tuarascáil seo na bearta a cuireadh chun feidhme tar éis na tréimhse tuairiscithe ach amháin i gcás inar thug na pointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh dearbhú ina leith don Choimisiún.
[6]Cumhdaítear 10 mBallstát leis an suirbhé (BG, CZ, FR, EL, HU, IE, IT, PT RO, ES) agus trí thír is iarrthóirí (AL, MK, RS).

hacmhainneacht institiúideach, comhordú, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus cur chun feidhme áitiúil. Ní mór na socruithe sin a neartú chun gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh de na straitéisí náisiúnta. Sa chomhthéacs sin, chuir na páirtithe leasmhara i dtábhacht na dúshláin leanúnacha maidir le gníomhaíocht áitiúil éifeachtach a dhéanamh de chreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh, iad seo a leanas go háirithe: rialachas ilroinnte, acmhainneacht bhardasach theoranta, agus íogaireachtaí polaitiúla a dhéanann difear don tosaíocht a thugtar do bhearta um chuimsiú na Romach agus dá gcur chun feidhme. Cuireann sé sin i dtábhacht an gá le tacaíocht níos láidre trí fhothú acmhainneachta agus cúnamh teicniúil.

Na príomhnithe a baineadh amach

D'ainmnigh gach Ballstát tuairiscithe pointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh atá freagrach as a gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh a chomhordú. I roinnt tíortha, rinneadh bearta chun feidhmiú na bpointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh a neartú tríd an líon foirne a mhéadú, socruithe institiúideacha a fheabhsú, nó níos mó acmhainní buiséadacha a sholáthar[7]. I roinnt cásanna, tá baint dhíreach ag pointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh le faireachán a dhéanamh ar an gclár agus le sásraí comhordúcháin[8]. Cuidíonn sé sin le tosaíochtaí maidir le cuimsiú na Romach a lánpháirtiú ar bhealach níos fearr i mbeartais shóisialta agus chomhtháthaithe níos leithne. Mar shampla, sa tSlóvaic, tá an pointe teagmhála náisiúnta do na Romaigh ina chomhalta iomlán den Choiste Faireacháin do Chlár na Slóvaice 2021-2027, clár de chuid an bheartais chomhtháthaithe arna chómhaoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus comhordaíonn sé coimisiún sonrach atá tiomnaithe do phobail Romacha imeallaithe. Bhunaigh an Chipir coiste faireacháin dá creataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh, lena dtugtar le chéile aireachtaí agus ionadaithe Romacha chun an comhordú agus an rannpháirtíocht maidir le ceapadh beartas a neartú.

Braitheann cur chun feidhme na mbeart um chuimsiú na Romach freisin ar chomhar le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla. Tá ról tábhachtach ag na bardais maidir le bearta a chur chun feidhme i bpríomhréimsí amhail oideachas, tithíocht agus seirbhísí sóisialta. Mar shampla, chuir an Ghréig creat chun feidhme faoinar chuir 85 bhardas pleananna gníomhaíochta áitiúla maidir le cuimsiú na Romach isteach cheana féin chun ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta a áirithiú.

Déanann 20 Ballstát[9] san iomlán faireachán rialta ar chur chun feidhme a gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh agus shainigh siad sprioc chainníochtúil nó cháilíochtúil amháin ar a laghad. Is ábhar misnigh é gur bhunaigh beagnach gach tír ina bhfuil pobail mhóra Romach spriocanna cainníochtúla agus táscairí i gcás cúig chuspóir ar a laghad. D'fhorbair an tSeicia, an tSlóvaic agus an Spáinn creataí láidre faireacháin atá ailínithe le táscairí chreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, agus cé go bhfuil creat na Bulgáire níos teoranta tá sé ailínithe ar bhonn níos leithne leis na táscairí sin. Sna Ballstáit eile ina bhfuil pobail mhóra Romach tá na creataí faireacháin ag céimeanna éagsúla forbartha, agus bhí roinnt táscairí nó sprioclúachanna fós le sainiú nó le cur i gcrích tráth an tuairiscithe (féach Foscríbhinn), lena ndéanfar difear don mheasúnú ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna náisiúnta.

I gcás inar bunaíodh spriocanna náisiúnta faoi chreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh (tá na spriocbhlianta éagsúil), léiríonn an fhaisnéis atá ar fáil go bhfuil dul chun cinn éagsúil déanta chun iad a bhaint amach: Tuairiscíonn an Bhulgáir gur bhain sí amach a

[7] BE, BG, CZ, DE, EL, ES, FR, HU, HR, IE, IT, LT, LV, RO, SI, SK.
[8] BG, CZ, EL, ES, FR, HR, HU, LV, IT, RO, SK.
[9] BE, BG, CY, CZ, EE, EL, ES, FI, HR, HU, IE, IT, LV, LT, NL, PL, RO, SE, SI, SK.

spriocanna do 2030 maidir le rannpháirtíocht san oideachas réamd-bhunscoile agus gnóthachtáil sa mheánoideachas sinsearach agus go ndearna sí dul chun cinn éigin i réimsí eile; Tá an tSlóvaic ar an mbóthar ceart lena spriocanna do 2030 maidir le tithíocht agus rannpháirtíocht na Romach; D'éirigh leis an Spáinn roinnt spriocanna do 2026 a bhaint amach maidir leis an bhfrithghiofógachas ach tá sí chun deiridh i réimsí eile, go háirithe i réimse an oideachais; Léiríonn an tSeicia nach ndearnadh ach dul chun cinn teoranta i dtreo a spriocanna do 2030 nó nach ndearnadh aon dul chun cinn ina dtreo. Leis an bhfaisnéis a sholáthair an Ungáir, an Ghréig agus an Rómáin, ní féidir measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo a spriocanna náisiúnta (do 2030 i gcas na hUngáire agus na Gréige, agus 2027 i gcás na Rómáine; féach an Foscríbhinn). San anailís a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha léirítear feabhsuithe i 10 gcinn de na 16 thascaire ó bhí 2016 ann. Ní leor an dul chun cinn atá déanta chun an chuid is mó de chuspóirí agus spriocanna chreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh a bhaint amach faoi 2030, ach tá an cuspóir fostaíochta ar an mbóthar ceart faoi láthair.

An measúnú agus na dúshláin atá fós ann

Lean na Ballstáit de na struchtúir rialachais a neartú a thacaíonn le cuimsiú na Romach. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí a áirithiú go mbeidh acmhainneacht agus acmhainní institiúideacha leordhóthanacha ag na pointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh chun go mbeidh an comhordú trasearnála éifeachtach. Tá lánpháirtiú chuimsiú na Romach i mbeartais phríomhshrutha ag méadú i gcónaí ach is minic coimircí agus bearta for-rochtana a bhaineann go sonrach leis na Romaigh ar iarraidh iontu chun a áirithiú gur féidir leis na Romaigh rochtain a fháil orthu agus tairbhe a bhaint astu.

Is scrogall mór i gcónaí é an comhordú lag idir na húdaráis náisiúnta agus áitiúla, rud a fhágann gur deacra gníomhaíocht áitiúil éifeachtach a dhéanamh de na straitéisí náisiúnta. Is minic a bhíonn an cur chun feidhme lánroghnach sna córais dhíláraithe, agus a sheachnaíonn na bardais bearta cur chun feidhme a mheastar a bheith íogair ó thaobh na polaitíochta de, amhail dídheighilt, agus go ndéantar bearta gearrthéarmacha ar bheagán coinbhleachta ina n-ionad.

Chun torthaí comhsheasmhacha a bhaint amach, beidh gá le socruithe rialachais níos láidre, lena n-áirítear freagrachtaí níos soiléire, faireachán éifeachtach agus cuntasacht mhéadaithe. Trí bhorradh a chur faoin gcomhordú agus faoin acmhainneacht riaracháin, go háirithe trí fhothú acmhainneachta spriocdhírithe agus dreasachtaí iomchuí ar an leibhéal bardasach, is féidir cur chun feidhme na mbeart um chuimsiú na Romach a fheabhsú agus úsáid éifeachtach chistí an Aontais a mhéadú. Beidh ríthábhacht i gcónaí leis an nasc idir struchtúir rialachais agus cur chur chun feidhme cláir arna gcistiú ag an Aontas a neartú.

Is gá tuilleadh iarrachtaí chun na creataí faireacháin ar fud na mBallstát a neartú. I gcásanna áirithe, níor sainíodh na spriocanna agus na táscairí go fóill nó tá siad fós neamhiomlán, agus is mó a bhraitheann an faireachán ar aschur seachas ar thascairí toraidh. Is léiriú iad na heasnaimh sin ar theorainneacha níos leithne maidir le hinfhaighteacht agus inchomparáideacht sonraí ar fud an Aontais. I roinnt Ballstát, ní thugann an staidreamh oifigiúil léiriú leordhóthanach ar na pobail Romacha, rud a fhágann gur deacair measúnú a dhéanamh ar na neamhionannais agus ar an dul chun cinn le himeacht ama. Le modheolaíochtaí níos inchomparáide, mar aon le sonraí imdhealaithe agus sonraí ionadacha[10] i gcás inarb iomchuí agus inarb incheadaithe ó thaobh an dlí de, neartófaí an ceapadh beartais fianaisebhunaithe agus chuirfí feabhas ar iomláine agus inchomparáideacht an tuairiscithe. Ag brath ar

[10]Le fáil ag: https://commission.europa.eu/system/files/2020-10/portfolio_of_indicators_en.pdf.

mhéideanna na samplaí, d'fhéadfaí éagothromaíochtaí laistigh den phobal Romach a léiriú leis an bhfaireachán freisin, le cois comparáidí leis an bpobal i gcoitinne.

Treoraíocht maidir le tuilleadh feabhais
Chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo cuspóirí ar leibhéal an Aontais a bhaint amach, agus i gcomhréir leis an 'gcur chuige coiteann ach difreáilte', iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit, go háirithe iad siúd a bhfuil pobail mhóra Romacha iontu, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **sainordú, soláthar foirne agus cistiú na bpointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh a neartú,** a rannpháirtíocht éifeachtach a áirithiú maidir le beartais phríomhshrutha agus spriocdhírithe chomh maith le cláir arna gcistiú ag an Aontas a chomhordú agus faireachán a dhéanamh orthu, agus iad a chumhachtú chun dul chun cinn a rianú in aghaidh chreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh;
- **faireachán ar na creataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh a neartú chun an dul chun cinn a rianú de réir spriocanna soiléire agus táscairí toraidh** a ailíneofar le creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, agus úsáid á baint as sonraí imdhealaithe ionadacha i gcás inarb iomchuí agus inarb incheadaithe ó thaobh an dlí de;
- **dlús a chur leis an gcomhordú ar fud na leibhéal rialachais,** go háirithe tríd an **gcur chun feidhme áitiúil a neartú** le freagrachtaí níos soiléire, rannpháirtíocht níos mó ó na páirtithe leasmhara, acmhainneacht riaracháin bhardasach mhéadaithe agus sásraí cuntasachta feabhsaithe.

II. CUSPÓIRÍ AN AONTAIS

Sa roinn seo athbhreithnítear an dul chun cinn a rinneadh chun seacht gcuspóir chreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh a bhaint amach. Maidir le gach cuspóir díobh, cuirfear i láthair príomhspriocanna ábhartha chreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh do 2030, arb iad na tagarmharcanna iad a ndéanfar measúnú ar an dul chun cinn ina leith.

II.I An frithghiofógachas agus an t-idirdhealú a chomhrac agus a chosc

Creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh - na príomhspriocanna do 2030:

- an sciar de na Romaigh a d'fhulaing idirdhealú a laghdú faoina leath ar a laghad
- laghdú aon trian ar a laghad a dhéanamh ar an sciar den phobal i gcoitinne a bhraitheann míchompordach agus Romaigh acu mar chomharsana

Aithnítear gur cineál ciníochais in aghaidh na Romach[11] é an frithghiofógachas a spreagann eisiamh sóisialta agus idirdhealú ar fud an Aontais fós, lena mbaintear an bonn den rochtain ar oideachas, fostaíocht, cúram sláinte, tithíocht agus seirbhísí bunriachtanacha eile. Ós rud é go mbíonn an-tionchar ag an bhfrithghiofógachas ar an dul chun cinn i gcoitinne maidir le

[11]Is feiniméan struchtúrach é an frithghiofógachas (cineál ciníochais in aghaidh na Romach) a bhfuil fréamha stairiúla aige agus a fheictear ar an leibhéal institiúideach, sóisialta agus idirphearsanta. Is as an gcaoi a gcaitheann tromlach na ndaoine le daoine a meastar gur 'giofóga' iad agus as tuairimí an tromlaigh sin ina leith a d'eascair an frithghiofógachas. Tá sé fréamhaithe i bpróiseas 'an choimhthís' a thógann ar steiréitíopaí diúltacha chomh maith le steiréitíopaí dearfacha, neamhghnácha.

comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, tá an comhrac in aghaidh an fhrithghiofógachais ina chuspóir neamhspleách agus ina thosaíocht thrasnach araon de chreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh.

Léirítear i dtorthaí Shuirbhé Romach 2024 go ndearnadh idirdhealú, a bunaíodh ar chúlra eitneach, ar bheagnach Romach amháin as gach triúr (31 %). Tá na leibhéil muiníne in institiúidí fós réasúnta íseal: ní thuairiscíonn ach thart ar leath na bhfreagróirí ar Romaigh iad (49 %) go bhfuil muinín acu as na póilíní ina dtír féin, agus ní léiríonn ach beirt as cúigear (40 %) go bhfuil muinín acu as an gcóras dlí náisiúnta. Ar bhonn thorthaí Eorabharaiméadar 2023, níl ach 67 % de na freagróirí ó na Ballstáit a bheadh ar a gcompord dá mbeadh teagmháil laethúil acu le comhghleacaí Romach ag an obair[12]. Chuir páirtithe leasmhara i dtábhacht, in ainneoin go bhfuil méadú ag teacht ar an aitheantas ar an bhfrithghiofógachas sna creataí beartais, go bhfuil na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt air fós ilroinnte agus gur iarrachtaí gearrthéarmacha iad go minic, rud a léiríonn an gá atá le gníomhaíocht níos córasaí agus níos príomhshruthaithe.

Na príomhnithe a baineadh amach

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne líon mór Ballstát bearta chun gurbh fhusa an frithghiofógachas a aithint agus a fheiceáil go soiléir. Rinne roinnt Ballstát[13] an acmhainneacht institiúideach a mhéadú chun an frithghiofógachas a chomhrac; go háirithe, bhunaigh an Ghearmáin lárionad neamhspleách, an Lárionad um Thuairisciú agus Faisnéis maidir leis an bhFrithghiofógachas, chuir an Spáinn tús le dréachtú an Chomhshocraithe Stáit in aghaidh an Fhrithghiofógachais agus sheol an Liotuáin comhairliúcháin maidir le Coimisiún Saineolaithe speisialaithe chun an Frithghiofógachas a Chomhrac. Neartaíodh creataí beartais agus institiúideacha nuair a glacadh an sainmhíniú ar fhrithghiofógachas go foirmiúil sa tSeicia agus sa tSlóvaic. Rinneadh cur chun cinn breise ar fheasacht an phobail le feachtais sna meáin agus le feachtais múscailte feasachta, lena n-áirítear sraith clár faisnéise na Laitvia [14] a táirgeadh faoi Ardán na Laitvia maidir leis na Romaigh, arna chistiú ag an Aontas.

Rinne roinnt Ballstát[15] seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh an idirdhealaithe agus na gcionta fuatha a neartú le sásraí gearáin, cúnamh dlíthiúil agus seirbhísí for-rochtana feabhsaithe. Chuir an Bhulgáir, mar shampla, na mílte comhairliúchán dlí ar fáil le foirne soghluaiste in áiteanna iargúlta den chuid is mó[16] agus thug sí isteach aip mhóibíleach chun an rochtain ar an gceartas a éascú[17].

Fuair tionscnaimh múscailte feasachta agus imeachtaí comórtha – amhail Lá Cuimhneacháin Uileloscadh na Romach agus Lá Idirnáisiúnta na Romach – aitheantas níos leithne i roinnt mhaith Ballstát[18], rud a chuir le feasacht an phobail ar stair agus ar chultúr na Romach. Mar shampla, sa Fhrainc le Tionscadal Cuimhneacháin Montreuil-Bellay tugtar aitheantas don ghéarleanúint a rinneadh ar thart ar 1 850 Romach le linn an Dara Cogadh Domhanda agus músclaíonn sé feasacht an phobail le suíomh cuimhneacháin agus le músaem atá beartaithe. I

[12]Beidh sonraí nua a bhaineann leis an táscaire maidir le comharsa Romach le fáil in Eorabharaiméadar 2026 atá ar na bacáin.
[13] AT, BE, BG, CZ, DE, EL, ES, FR, IE, IT, LV, LT, NL, RO, SK, SE.
[14]Le fáil ag: https://www.youtube.com/@KulturasMinistrija/videos.
[15] AT, BG, CZ, DE, EL, ES, FI, HR, IE, IT, LT, LV, SK.
[16]Le fáil ag: https://www.justice.government.bg/home/index/1201f1c6-798b-41b6-a874-052e228ac8a1?top=1
[17]Le fáil ag: https://apps.apple.com/bg/app/%D0%BF%D0%BE%D0%BC%D0%BE%D0%B3%D0%BD%D0%B8-%D0%BC%D0%B8/id6471497775.
[18] AT, BE, BG, CY, CZ, DE, EE, EL, ES, FR, HR, HU, IT, LU, LV, LT, NL, PT, RO, SK.

mí Dheireadh Fómhair 2025, ghlac Teach Ionadaithe na hÍsiltíre Tseggai motion, lena n-aithnítear Romaigh, Sintígh agus Lucht Siúil na hÍsiltíre go foirmiúil mar mhionlach náisiúnta faoi Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint.

An measúnú agus na dúshláin atá fós ann

D'ainneoin go bhfuil an aird a thugtar ar an bhfrithghiofógachas ag dul i méid sna beartais, tá cur chun feidhme agus forfheidhmiú beart chun an frithghiofógachas agus idirdhealú na Romach a chomhrac fós míchothrom agus ilroinnte ar fud na mBallstát, léiriú ar bhearnaí leanúnacha sa tiomantas polaitiúil agus sásraí laga forfheidhmiúcháin. Mar thoradh air sin, is minic nach dtugtar institiúidí chun cuntais go leordhóthanach as cleachtais amhail idirdheighilt i gcúrsaí oideachais agus díshealbhuithe éigeantais.

Tá tearcthuairisciú ar idirdhealú agus ar theagmhais fuatha fós forleathan, arna spreagadh ag muinín íseal as institiúidí, eagla roimh bhearta díoltais agus eolas teoranta ar shásraí gearáin. Dá bhrí sin, tá ganntanas sonraí iontaofa ann, rud a fhágann gur deacair freagairtí beartais éifeachtacha a dhearadh agus a mheas. Ag an am céanna, tá ábhair imní faoi chleachtais phóilíneachta – lena n-áirítear próifíliú eitneach agus úsáid dhíréireach fornirt – fós á dtuairisciú mar bhacainní móra ar mhuinín agus ar chuimsiú.

Tá bearnaí leanúnacha, ar an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta, i sonraí a imdhealaíodh ó thaobh eitneachta de maidir le hidirdhealú in aghaidh pobail Romacha agus maidir le cineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe, mar aon le cleachtais faireacháin mhíchothroma, fós ag cur bac ar an measúnú ar threochtaí agus ar thorthaí. Tá acmhainní, cumhachtaí nó neamhspleáchas teoranta ag na comhlachtaí comhionannais i roinnt mhaith Ballstát, rud a laghdaíonn ar a gcumas sásamh éifeachtach a chur ar fáil agus dul i mbun dlíthíocht straitéiseach. Ceanglaítear ar na Ballstáit Treoracha nua an Aontais Eorpaigh maidir le comhlachtaí comhionannais[19] a thrasuí faoi mhí an Mheithimh 2026. Beidh cur chun feidhme ceart agus iomlán fíor-riachtanach chun neamhspleáchas, acmhainní agus éifeachtacht na gcomhlachtaí comhionannais a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin.

Treoraíocht maidir le tuilleadh feabhais

Chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo cuspóirí ar leibhéal an Aontais a bhaint amach, agus i gcomhréir leis an 'gcur chuige coiteann ach difreáilte', iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht an Aontais maidir le fritd-idirdhealú agus coireacht fuatha a neartú** tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) smachtbhannaí leordhóthanacha a áirithiú; (ii) feabhas a chur ar an rochtain ar shásraí gearáin; (iii) tarlúintí frithghiofógachais a thaifeadadh go córasach; agus (iv) aghaidh a thabhairt ar an tearcthuairisciú le bearta lena gcothófar muinín in institiúidí poiblí agus faireachán a dhéanamh ar athruithe ar an muinín as institiúidí;
- **feasacht an phobail, tionscnaimh chuimhneacháin agus oideachais a thugann aghaidh ar stair agus cultúr na Romach agus ar an bhfrithghiofógachas** a chur chun cinn, lena n-áirítear trí churaclaim scoile, oiliúint múinteoirí, rannpháirtíocht

[19]Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024 agus Treoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais. Le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2024/1499/oj agus https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2024/1500/oj.

sna meáin agus gníomhaíochtaí comórtha chun steiréitíopaí agus claontacht sa tsochaí a chomhrac;
- **aghaidh a thabhairt go córasach ar an bhfrithghiofógachas ar fud na mbeartas earnála** – go háirithe san oideachas, san fhostaíocht, sa chúram sláinte agus i dtithíocht – trí dhul i ngleic leis an idirdhealú, trí chleachtais institiúideacha a neartú, agus trí mhúscailt feasachta agus oiliúint do phríomhghairmithe a chur chun cinn.

II.II An bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú

Creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh - na príomhspriocanna do 2030:

- bearna na bochtaineachta idir na Romaigh agus an pobal i gcoitinne a laghdú faoina leath ar a laghad
- bearna na bochtaineachta idir leanaí Romacha agus leanaí eile a laghdú faoina leath ar a laghad

Is cúis mhór imní i gcónaí í an bhochtaineacht leanúnach i measc na Romach ar fud an Aontais. Bíonn tionchar díréireach aici ar leanaí, ós rud é go mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáistí carnacha ó aois óg, rud a mhéadaíonn riosca an eisiaimh idirghlúine agus a chuireann teorainn shuntasach leis an tsoghluaisteacht shóisialta.

Deimhníodh sna torthaí ó Shuirbhé Romach 2024 go bhfuil an bhochtaineacht agus an cruatan eacnamaíoch fós forleathan i measc na bpobal Romach. Ar an iomlán, tá 77 % de leanaí Romacha i mbaol bochtaineachta – thart ar cheithre huaire níos mó ná an ráta sa phobal i gcoitinne. Ina theannta sin, maireann 40 % díobh i dteaghlaigh a bhfuil géardhíth ábharach orthu[20]. Tháinig feabhas suntasach ar an méid sin ó 2016 i leith (66 %), ach tá na leibhéil fós cuid mhaith níos airde ná sa phobal i gcoitinne (7 %[21]). Chuir na páirtithe leasmhara cineál ilghnéitheach agus idirghlúine bhochtaineacht na Romach i dtábhacht mar aon leis an ngá atá le freagairtí comhtháite beartais ar fud réimsí earnála (oideachas, fostaíocht, cúram sláinte, tithíocht). Thug siad dá n-aire freisin, gur neartaigh roinnt Ballstát córais cosanta sóisialta, gur mhéadaigh siad sochair airgeadais nó gur chuir siad feabhas ar rochtain orthu, ach mar sin féin, tá bearta atá dírithe ar na Romaigh lena dtugtar aghaidh ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta fós teoranta, go háirithe na bearta sin atá dírithe ar bhacainní ar rochtain a fháil ar thacaíocht phríomhshrutha a shárú, amhail bacainní riaracháin, rochtain theoranta ar fhaisnéis agus leibhéil ísle muiníne as institiúidí poiblí.

Na príomhnithe a baineadh amach

Thuairiscigh go leor Ballstát[22] bearta a díríodh ar an rochtain ar chosaint shóisialta a fheabhsú, go háirithe trí shásraí for-rochtana amhail Bridging Figures na Beilge (Flóndras), a chuaigh i bhfeidhm ar na mílte teaghlach leochaileach lena n-áirítear go leor Romach agus a chuir tacaíocht phraiticiúil ar fáil chun rochtain a fháil ar scoileanna áitiúla agus ar sheirbhísí poiblí. Chuidigh an cur chuige sin le muinín fhrithpháirteach a chothú idir na Romaigh áitiúla agus na hinstitiúidí poiblí agus neartaíodh féintuilleamaí na Romach áitiúil ag an am céanna.

[20]Sainmhínítear géardhíth ábhartha mar neamhábaltacht teaghlaigh ceithre ítim nó speansas riachtanacha ar a laghad a íoc as naoi n-ítim nó speansas riachtanacha, lena n-áirítear téamh leordhóthanach, béilí cothaitheacha rialta agus costais gan choinne (Suirbhé na Róimhe 2024, lch. 32).
[21]Le fáil ag: Eurostat 2020, https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_mddd11__custom_22313195/default/table.
[22] AT, BE, BG, FI, FR, DE, EL, HU, IT, NL, RO, SK, ES.

Thuairiscigh líon teoranta Ballstát[23] gur cuireadh bearta a spriocdhíríodh ar na Romaigh chun feidhme, bearta lenar tugadh aghaidh ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta, agus go dtugann roinnt Ballstát[24] aghaidh ar na dúshláin sin mar shaincheist thrasnach i gcuspóirí earnála eile. Mar shampla, le tionscadail Accedere agus Salute na hIodáile, arna gcómhaoiniú ag CSE+ agus lenar díríodh ar na Romaigh mar ghrúpa faoi mhíbhuntáiste, cuireadh cur chuige comhtháite trasearnála i bhfeidhm a rannchuidigh le laghdú suntasach ar chónaitheoirí a bhí ina gcónaí i lonnaíochtaí deighilte.

Thuairiscigh roinnt Ballstát[25] freisin go ndírítear ar bhochtaineacht leanaí i measc na Romach le tacaíocht ó ionstraimí cistiúcháin an Aontais. Mar shampla, thug an Bulgáir isteach scéim arna gcómhaoiniú ag CSE+ lenar cuireadh dearbháin bhéile agus tacaíocht ar fáil do leanbh ó theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste, agus chuir an Chróit foirne for-rochtana soghluaiste ag obair chun tacú le teaghlaigh i lonnaíochtaí iargúlta[26].

An measúnú agus na dúshláin atá fós ann

D'ainneoin iarrachtaí leanúnacha, tá an bhochtaineacht i measc na bpobal Romach fós forleathan agus tá sí fós ar cheann de na cineálacha eisiaimh shocheacnamaíoch is marthanaí san Aontas. Tuairiscíodh dul chun cinn éigin, go háirithe trí bhearta lena bhfeabhsaítear an rochtain ar chosaint shóisialta agus ar sheirbhísí sóisialta. Mar sin féin, is dul chun cinn teoranta é atá míchothrom i gcónaí, agus díríonn formhór na mbeart ar an rochtain ar shochair seachas ar spreagthaí struchtúracha na bochtaineachta.

Rinne géarchéim COVID-19 cúrsaí níos measa, leathnaíodh bearnaí a bhí ann cheana agus cailleadh cuid den dul chun cinn a rinneadh roimh 2020, agus bhí na hiarmhairtí fós le brath le linn na tréimhse tuairiscithe. Cuireann éagothromaíochtaí críochacha agus dáileadh míchothrom seirbhísí bac breise ar an gcuimsiú, go háirithe i gceantair iargúlta. Ba cheart do na húdaráis aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar 'bhacainní dofheicthe' amhail eisiamh digiteach agus easpa doiciméadachta céannachta nó gníomhas maoine, lena gcoisctear ar na teaghlaigh is imeallaithe agus ar na Romaigh gan dídean rochtain a fháil ar chosaint shóisialta.

Is míbhuntáistí idirnasctha atá fréamhaithe go domhain agus a mhaireann ó ghlúin go glúin is cúis leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta i measc na Romach. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá gá le freagairtí comhtháite beartais lena gcomhcheanglófar an chosaint shóisialta le bearta oideachais, fostaíochta, tithíochta agus sláinte.

Treoraíocht maidir le tuilleadh feabhais

Chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo cuspóirí ar leibhéal an Aontais a bhaint amach, agus i gcomhréir leis an 'gcur chuige coiteann ach difreáilte', iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **bearta um chuimsiú na Romach a ailíniú le beartais phríomhshrutha in aghaidh na bochtaineachta agus bearta um chearta leanaí,** lena n-áirítear trí choimircí agus táscairí a bhainfidh go sonrach leis na Romaigh chun rochtain chomhionann do theaghlaigh agus leanaí Romacha a áirithiú;

[23] FI, HR, ES, PL, RO, SK.
[24] AT, CZ, IT, RO, SK.
[25] BG, HR, ES, IT, SI, LU.
[26] Le fáil ag: https://www.centar-medjimurje.hr/.

- **rochtain ar chosaint shóisialta agus ar sheirbhísí poiblí a fheabhsú,** lena n-áirítear trí nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus trí aghaidh a thabhairt ar 'bhacainní dofheicthe' amhail eisiamh digiteach, easpa doiciméadachta céannachta nó gníomhas maoine agus for-rochtain theoranta ar na Romaigh is imeallaithe;
- **freagairtí comhtháite fadtéarmacha ar bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta na Romach a fhorbairt,** lena gcomhcheanglófar cosaint shóisialta le bearta oideachais, fostaíochta, tithíochta agus cúraim sláinte chun díriú ar mhíbhuntáistí struchtúracha agus idirghlúine.

Is é is aidhm do na Prionsabail maidir le beartais éifeachtacha frithbhochtaineachta, a foilsíodh in éineacht leis an Straitéis i gcoinne na Bochtaineachta, straitéisí éifeachtacha frithbhochtaineachta a threorú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Áirítear leo na pointí seo a leanas a mbaineann ábharthacht ar leith leo i gcomhthéacs na Tuarascála seo:

- **go ndéanfar acmhainní airgeadais a ailíniú le cuspóirí beartais trí chistí an Aontais a úsáid,** lena n-áirítear cistiú atá nasctha le cur chun feidhme na bpleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí, chun tacú le hiarrachtaí na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil an **bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac** agus chun na hiarrachtaí sin a chomhlánú;
- go bhforbrófar **bearta spriocdhírithe** chun tacú le **grúpaí,** lena n-áirítear na Romaigh, **ar mó an riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a bhaineann leo**;
- go mbeidh **cláir spriocdhírithe** i bhfeidhm chun feabhas a chur ar leibhéal agus ar **cháilíocht na ndeiseanna foghlama** do dhaltaí agus do mhic léinn ó theaghlaigh ar ioncam íseal (maoiniú breise do scoileanna, forbairt ghairmiúil na múinteoirí, meantóireacht, scoláireachtaí agus cabhair airgeadais, rochtain ar shaoráidí agus ar ábhair, bearta dídheighilte, lena n-áirítear do na Romaigh, etc.);
- **mapáil chórasach ar lonnaíochtaí deighilte Romacha** le toiliú na bpobal, agus measúnú chun na leibhéil a shainaithint i gcás riosca bochtaineachta, géardhíth ábharach, agus bearnaí sa rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha, agus a áirithiú go gcuimseofar i bpróisis pleanála uirbí iad freisin.

II.III Rannpháirtíocht a chur chun cinn trí chumhachtú, comhar agus iontaoibh

Creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh - na príomhspriocanna do 2030:

- a chur ar a gcumas do 90 ENR ar a laghad, agus iad a fhostú, chun páirt a ghlacadh i bhfaireachán comhordaithe uile-Aontais ar shochaí shibhialta na Romach
- rannpháirtíocht ENRanna Romacha a áirithiú mar chomhaltaí iomlána i gcoistí faireacháin le haghaidh gach cláir a thugann aghaidh ar riachtanais na bpobal Romach
- cion na Romach a thuairiscíonn idirdhealú nuair a tharlaíonn sé a mhéadú faoi dhó
- rannpháirtíocht na Romach sa saol polaitiúil a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, sna Ballstáit ina bhfuil pobail mhóra Romacha

Beidh ríthábhacht le rannpháirtíocht fhóinteach na Romach chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais sheanbhunaithe, chun rialachas daonlathach a neartú agus chun muinín as

institiúidí poiblí a chothú. Tá méadú tagtha ar an bhfeasacht ar struchtúir tacaíochta institiúideacha, agus chuala 46 % de na freagróirí ar Romaigh iad faoi chomhlacht comhionannais amháin ar a laghad nó faoi institiúid chomhchosúil, i gcomparáid le 29 % in 2016. Chuir páirtithe leasmhara i dtábhacht, in ainneoin leathnú na struchtúr rannpháirtíochta foirmiúil, gur minic a bhíonn rannpháirtíocht na Romach teoranta nó siombalach. Cuirtear teorainn le rannpháirtíocht fhóinteach fós mar thoradh ar chistiú éagobhsaí agus, i gcomhthéacsanna áirithe, de bharr srianta ar an spás sibhialta.

Na príomhnithe a baineadh amach

Thuairiscigh na Ballstáit go ndearnadh dul chun cinn de réir a chéile le rannpháirtíocht pholaitiúil na Romach ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon. Tá líon na n-ionadaithe Romacha ar chomhairlí áitiúla[27], i bpoist mar mhéara[28] agus sna parlaimintí náisiúnta[29] ag dul i méid i gcónaí. Cé gur forbairtí dearfacha iad sin, tá rannpháirtíocht na Romach sa chinnteoireacht pholaitiúil teoranta ar an iomlán, agus bíonn ionadaithe Romacha fós faoi ghannionadaíocht shuntasach i bpoist thofa agus shinsearacha in oifigí poiblí ar fud fhormhór na mBallstát.

Thuairiscigh roinnt Ballstát[30] gur bhunaigh siad comhlachtaí comhairliúcháin a bhí nasctha le cur chun feidhme creataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh nó le próisis beartais gaolmhar a bhain le sochaí shibhialta na Romach, nó gur neartaigh siad na comhlachtaí comhairliúcháin sin. Mar shampla, san Ostair tá Ardán Idirphlé leis na Romaigh, arna mhaoiniú ag an Aontas, a bhunaigh é féin go daingean mar ionstraim chobhsaí lena n-éascaítear idirphlé idir sochaí shibhialta na Romach agus an riarachán poiblí. Leis an Idirphlé ar Shonraí Rannpháirtíochta sa Ghearmáin, faoi stiúir na Gníomhaireachta Cónaidhme Fritd-Idirdhealaithe, tugtar le chéile údaráis phoiblí agus an tsochaí shibhialta chun modhanna arna bhformheas ag an bpobal a fhorbairt chun sonraí maidir le hidirdhealú a bhailiú.

Ar leibhéal an phobail, thuairiscigh roinnt Ballstát[31] rannpháirtíocht na Romach i dtionscnaimh ón mbun aníos. Is sampla tábhachtach é Buíonta Forbartha, tionscadal pleanála áitiúla rannpháirtíochta sa tSlóvaic arna chistiú ag an Aontas, lenar eagraíodh os cionn 120 fóram pobail chun tacú le pleanáil áitiúil, agus dhírigh an Eastóin ar an idirphlé áitiúil a neartú trí Ionad Óige na Romach a oscailt in Valga agus Ionad Cultúrtha na Romach i dTaillinn.

An measúnú agus na dúshláin atá fós ann

Cé gur léiriú é bunú comhlachtaí comhairliúcháin ar an méadú atá ag teacht ar an aitheantas ó institiúidí do rannpháirtíocht na Romach, is minic a bhíonn an rannpháirtíocht teoranta do chomhairliúchán foirmiúil agus gan mórán tionchair aici ar chláir oibre a shocrú ná ar thorthaí beartais. Is príomhdhúshlán fós é a áirithiú go mbeidh tionchar nithiúil ag na sásraí rannpháirtíochta ar bheartais agus ar thorthaí.

Tá faireachán rannpháirtíochta ar chearta bunúsacha á fhorbairt de réir a chéile ar fud an Aontais, agus tá comhlachtaí speisialaithe á mbunú ag roinnt Ballstát chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme cionta fuatha agus fritd-idirdhealaithe[32]. Mar sin féin, tá na cleachtais fós neamhréireach, agus cuireann srianta riaracháin, dlíthiúla agus airgeadais

[27] AT, BG, CZ, IT, ES.
[28] BG, EL, SK.
[29] RO, SK, IE, HR agus le déanaí freisin in HU.
[30] AT, BE, BG, CZ, EL, ES, FR, IT, IE, LV, NL, SK.
[31] BE, BG, CZ, FR, EL, HU, IT, RO, SK.
[32] AT, IE, DE, HU, HR.

teorainn le hacmhainneacht oibríochtúil agus abhcóideachta go leor eagraíochtaí Romacha agus eagraíochtaí atá ar son na Romach, ar an leibhéal áitiúil go háirithe. Déanann sé sin difear do chumas na n-eagraíochtaí sin dul i mbun faireacháin, tacú le pobail agus a bheith rannpháirteach i bpróisis bheartais. De bharr leibhéil ísle muiníne as institiúidí, taithí ar idirdhealú agus, i gcomhthéacsanna áirithe, srianta ar an spás sibhialta fós baintear an bonn den rannpháirtíocht agus den rannpháirteachas.

Treoraíocht maidir le tuilleadh feabhais

Chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo cuspóirí ar leibhéal an Aontais a bhaint amach, agus i gcomhréir leis an 'gcur chuige coiteann ach difreáilte', iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **creataí institiúideacha le haghaidh rannpháirtíocht na Romach a neartú agus ionadaíocht pholaitiúil na Romach a chur chun cinn,** lena n-áiritheofar go mbeidh ionadaíocht agus tionchar fóinteach éagsúil ag ionadaithe na Romach, ag eagraíochtaí Romacha agus ag eagraíochtaí atá ar son na Romach ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil maidir le cláir oibre a shocrú, beartas a cheapadh, cur chun feidhme agus faireachán;
- **faireachán rannpháirtíochta agus cuntasacht a mhéadú,** trí rannpháirtíocht chórasach na sochaí sibhialta Romach agus na sochaí sibhialta atá ar son na Romach maidir le sonraí a bhailiú, formhaoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar bhearta fritd-idirdhealaithe agus ar bhearta um chuimsiú na Romach, lena n-áirítear mar chomhaltaí iomlána na gcoistí faireacháin ábhartha;
- **tacaíocht inbhuanaithe a chur ar fáil d'eagraíochtaí Romacha agus d'eagraíochtaí atá ar son na Romach trí** nósanna imeachta riaracháin simplithe, cistiú ilbhliantúil agus fothú acmhainneachta, agus an spás sibhialta a chosaint, aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú agus muinín as institiúidí poiblí a neartú freisin.

II.IV Rochtain chomhionann éifeachtach a mhéadú ar oideachas príomhshrutha cuimsitheach ardcháilíochta

Creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh - na príomhspriocanna do 2030:

- an bhearna rannpháirtíochta san oideachas agus cúram luatd-óige a laghdú faoina leath ar a laghad
- sciar na leanaí Romacha a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna deighilte a laghdú faoina leath ar a laghad
- laghdú aon trian ar a laghad an bhearna san oideachas meánscoile sinsearach

Is réamhriachtanas lárnach é an t-oideachas le haghaidh comhionannas deiseanna, soghluaisteacht shóisialta agus rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí, agus cumhdaítear an ceart ar oideachas ardcháilíochta cuimsitheach sa chéad phrionsabal de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. I gcás go leor Romach, áfach, níl seans acu rochtain chomhionann a fháil ar oideachas príomhshrutha ardcháilíochta cuimsitheach, cé go bhfuil sé ríthábhachtach chun an t-eisiamh a shárú agus chun a rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar a chumasú.

Léiríodh sna torthaí ó Shuirbhé Romach 2024 go ndearnadh dul chun cinn éigin sa réimse sin ach tá éagothromaíochtaí fós ann. Mhéadaigh an rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na

luatd-óige[33] ó 42 % in 2016 go 53 % in 2024 ach tá sí fós i bhfad faoi bhun mheán 95 % an Aontais[34]. Níl ach thart ar thrian de na Romaigh óga a chríochnaíonn an t-oideachas meánscoile sinsearach, i gcomparáid le níos mó ná ceathrar as cúigear sa phobal i gcoitinne. Tá an deighilt fós ann, agus freastalaíonn beagnach leath na leanaí Romacha ar scoileanna inar Romaigh iad formhór a gcomhdhaltaí ranga nó iad go léir. Thug páirtithe leasmhara dá n-aire go ndearnadh dul chun cinn éigin, go háirithe maidir le hoideachas agus cúram na luatd-óige agus iarrachtaí chun luathfhágáil scoile a laghdú. Ag an am céanna, chuir siad i dtábhacht go bhfuil gá le bearta dídheighilte níos láidre, cistiú fadtéarmach agus faireachán feabhsaithe chun dul chun cinn marthanach a dhéanamh maidir le hoideachas cuimsitheach.

Na príomhnithe a baineadh amach

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne beagnach gach Ballstát tuairiscithe[35] bearta chun a gcórais oideachais a dhéanamh níos cuimsithí agus chun rochtain na leanaí Romacha ar fhoghlaim ardcháilíochta a fheabhsú. Tháinig méadú suntasach ar an rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luatd-óige, go háirithe sa Bhulgáir, san Ungáir, sa tSlóivéin agus sa tSlóvaic, áit ar leathnaigh na rialtais an freastal réamhscoile inacmhainne nó éigeantach agus inar neartaigh siad rannpháirteachas le tuismitheoirí Romacha. Cuireadh tuilleadh tacaíochta ar fáil freisin do mhic léinn Romacha san oideachas meánscoile agus treasach, agus mhéadaigh roinnt tíortha an rochtain ar scoláireachtaí, ar mheantóireacht agus ar bhearta gníomhaíochta dearfaí[36]. B'amhlaidh an cás, mar shampla, sa Rómáin, áit a bhfuair níos mó ná 72 000 mac léinn Romach scoláireachtaí sóisialta. Tacaíonn líonra 180 Tanodas na hUngáire le daltaí Romacha ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste go príomha trí ghníomhaíochtaí seacd-churaclaim chun luathfhágáil scoile a chosc.

I roinnt Ballstát[37], rinneadh tionscadail phíolótacha arna gcistiú ag an Aontas – go háirithe faoi CSE+ agus faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) – a mhéadú agus a chomhtháthú sna córais oideachais náisiúnta. Mar shampla, d'éirigh leis an mBulgáir níos mó ná 1300 idirghabhálaí oideachais a aistriú ó thacaíocht thionscadalbhunaithe go poist bhuana státmhaoinithe. Rinne roinnt Ballstát[38] bearta freisin chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt ar bhealach níos dírí, lena n-áirítear le tacaíocht iompair, coigeartuithe ar nósanna imeachta clárúcháin agus foireann teagaisc bhreise. Sa tSlóvaic, tugadh isteach caighdeáin atá ceangailteach ó thaobh dlí de lena dtoirmisctear deighilt san oideachas, le tacaíocht ó lámhleabhar modheolaíochta do scoileanna[39].

An measúnú agus na dúshláin atá fós ann

Ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh le déanaí, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun bearnaí leanúnacha sna torthaí oideachais idir na Romaigh agus an pobal i gcoitinne a dhúnadh. Go háirithe, beidh sé ríthábhachtach i gcónaí rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luatd-óige a mhéadú agus feabhas a chur ar na rátaí críochnúcháin san oideachas meánscoile sinsearach. Tá sé ríthábhachtach cuir chuige shistéamacha maidir le dídheighilt[40] a chur chun cinn ar gach

[33]Leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois tosaigh le haghaidh bunoideachas éigeantach.
[34]Le fáil ag: Eurostat 2023,https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/educ_uoe_enra21/default/table?lang=ga.
[35] AT, BE, BG, HR, CY, CZ, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HU, IE, IT, LV, LT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK.
[36] HR, HU, PL, PT, RO.
[37] BG, CZ, SK.
[38] BG, CZ, HR, HU, RO, SK.
[39]Le fáil ag: https://www.minedu.sk/standardy-dodrziavania-zakazu-segregacie/.
[40]Tagraíonn cuir chuige shistéamacha i leith na dídheighilte do bhearta comhordaithe struchtúracha agus do bhearta beartais arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an deighilt agus rochtain chomhionann ar oideachas cuimsitheach ardcháilíochta a áirithiú do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear leanaí Romacha.

leibhéal oideachais chun rochtain chomhionann ar fhoghlaim ardcháilíochta a áirithiú agus timthriallta an mhíbhuntáiste a bhriseadh. Rud eile, trína áirithiú go soláthróidh na suíomhanna príomhshrutha um chuimsiú tacaíocht chuimsitheach – lena n-áirítear tacaíocht shóisialta, mhothúchánach, shíceolaíoch agus teanga – is féidir na torthaí do dhaltaí Romacha a fheabhsú a thuilleadh.

Braitheann go leor beart oideachais cuimsitheach fós ar chistiú tionscadail gearrthéarmach, agus ní dhéantar ach faireachán míchothrom ar thorthaí na dídheighilte, rud a chuireann teorainn lena n-inbhuanaitheacht agus lena n-éifeachtacht. Tugann tionscnaimh atá ann cheana – amhail idirghabhálaithe, teagasc agus cláir phíolótacha – bunús láidir ar féidir é a leathnú agus a ionchorprú i gcuir chuige inbhuanaithe uile-chórais.

Treoraíocht maidir le tuilleadh feabhais
Chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo cuspóirí ar leibhéal an Aontais a bhaint amach, agus i gcomhréir leis an 'gcur chuige coiteann ach difreáilte', iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **an dídheighilt shistéamach a neartú ar fud gach leibhéal oideachais** tríd an deighilt a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi agus trí reachtaíocht fritd-idirdhealaithe a fhorfheidhmiú go héifeachtach, agus tacaíocht leordhóthanach oideachais, shíceolaíoch agus teanga á háirithiú agus an comhordú idir seirbhísí oideachais, sóisialta agus teaghlaigh a fheabhsú, agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo oideachas príomhshrutha cuimsitheach ar ardchaighdeán, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil pobail mhóra Romacha;
- **aistriú ó chistiú tionscadail gearrthéarmach go creataí maoiniúcháin inbhuanaithe, solúbtha agus freagrúla ar mhaithe le hoideachas cuimsitheach,** rud a chuirfidh ar chumas scoileanna agus bardas acmhainní a leithdháileadh go héifeachtach de réir riachtanas, foireann tacaíochta a choinneáil ar bun agus bearta maidir le cuimsiú fadtéarmach a choinneáil i bhfeidhm;
- **rochtain ar oideachas agus ar chúram na luatd-óige a neartú agus tacú le haistriú daltaí Romacha chuig an oideachas meánscoile uachtaraí** agus le críochnú an oideachais sin, trí sholáthar inacmhainne agus inrochtana, trí fhor-rochtain spriocdhírithe agus trí rannpháirtíocht tuismitheoirí, trí mheantóireacht agus trí bhearta chun luathfhágáil na scoile a chosc.

II.V Rochtain chomhionann éifeachtach a mhéadú ar fhostaíocht inbhuanaithe ardcháilíochta

Creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh - na príomhspriocanna do 2030:
- an bhearna fostaíochta idir na Romaigh agus an pobal i gcoitinne a laghdú faoina leath ar a laghad
- an bhearna fostaíochta idir fir agus mná ar Romaigh iad a laghdú faoina leath ar a laghad
- an bhearna i sciar na Romach óg nach bhfuil i mbun oideachais fostaíochta, ná oiliúna (NEETanna ar Romaigh iad) a laghdú faoina leath ar a laghad

Tá cuimsiú i margadh an tsaothair ina phríomhspreagadh do laghdú na bochtaineachta, don chomhtháthú sóisialta agus do rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí. De réir mar a thugann an tAontas aghaidh ar an athrú déimeagrafach agus ar ghanntanais saothair agus scileanna atá

ag dul i méid, éireoidh sé níos tábhachtaí leas iomlán a bhaint as an acmhainneacht dhaonna atá ar fáil. Is ceann de na grúpaí daonra is óige san Eoraip iad na Romaigh, agus is ionann iad agus sciar d'iontrálaithe sa mhargadh saothair a bheidh ag dul i méid amach anseo i roinnt Ballstát. Mar sin féin, tá go leor díobh fós thíos le hidirdhealú, rochtain theoranta ar oideachas agus ar oiliúint, agus fostaíocht fhorbhásach. Dá bhrí sin, dá gcuirfí comhionannas agus cuimsiú na Romach chun cinn, rannchuideofaí leis an gcomhtháthú sóisialta agus leis an bhfás eacnamaíoch.

De réir Shuirbhé maidir leis na Romaigh 2024, tá 54 % de na Romaigh i mbun obair ar íocaíocht, i gcomparáid le 43 % in 2016, ach tá sé sin fós i bhfad faoi bhun ráta fostaíochta an phobail i gcoitinne (75 %)[41]. Tháinig laghdú freisin ar chion na Romach óg nach raibh i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET) ó 62 % in 2016 go 47 % in 2024, cé go bhfuil sé fós i bhfad os cionn an ráta don phobal i gcoitinne (9 %[42]). Tá na neamhionannais fostaíochta do mhná thar a bheith suntasach: níl ach 38 % de na mná Romacha in obair ar íocaíocht, i gcomparáid le 69 % de na fir Romacha, rud a léiríonn bearna leanúnach idir na fir agus na mná. Mar sin féin, léirítear sa suirbhé gur féidir beagnach gach sprioc fostaíochta i gcreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh a bhaint amach faoi 2030, agus go ndearnadh feabhsuithe suntasacha sa Bhulgáir, san Ungáir, san Iodáil agus sa Spáinn. Chuir páirtithe leasmhara bacainní leanúnacha ar chuimsiú mhargadh an tsaothair i dtábhacht, lena n-áirítear idirdhealú, neamhionannais inscne agus córais tacaíochta ilroinnte. Tharraing siad aird ar chuir chuige amhail meantóireacht agus idirghabháil, oideachas an dara deis, agus tacaíocht spriocdhírithe do mhná Romacha mar bhearta éifeachtacha, agus thug siad dá n-aire acmhainneacht fhiontraíocht na Romach tacú le forbairtí socheacnamaíocha áitiúla.

Na príomhnithe a baineadh amach

Chuir formhór na mBallstát tuairiscithe[43] bearta chun feidhme chun feabhas a chur ar rochtain na Romach ar fhostaíocht ardcháilíochta agus inbhuanaithe, lena n-áirítear socrúcháin oibre, printíseachtaí agus cláir ghairmoiliúna. Forbairt shuntasach san Iodáil agus sa Spáinn is ea an bhéim ar chuimsiú digiteach agus ar scileanna a dhíríonn ar an todhchaí, arb é is aidhm di feabhas a chur ar rochtain na Romach ar earnáil na seirbhísí agus ar an earnáil dhigiteach[44].

Tá tionscnaimh áitiúla agus réigiúnacha ag teacht chun cinn freisin a dhíríonn ar dhaoine Romacha nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna[45] agus ar mhná Romacha[46]. Mar shampla, bhunaigh an Fhionlainn díorma tiomnaithe fostóirí chun intéirnigh Romacha a earcú ar fud earnálacha éagsúla[47], agus d'fhorbair an tSualainn uirlisí for-rochtana i dteangacha Romacha chun cuardaitheoirí óga poist a fhostú. Cuireann an geilleagar sóisialta conair ar fáil freisin chun lánpháirtiú i margadh an tsaothair a bhaint amach[48]. Tá os cionn 10 100 Romach fostaithe ag an tSlóvaic anois i bhfiontair shóisialta, bhunaigh an Ghréig 14 fhiontar comharchumainn shóisialta Romacha, agus chuir an tSeicia isteach Gníomh maidir le Fiontraíocht Shóisialta Chomhtháiteach.

---

[41] Le fáil ag: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/lfsi_emp_a__custom_22319809/default/table.
[42] Le fáil ag: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/edat_lfse_20/default/table.
[43] AT, BE, BG, HR, CY, CZ, DK, EE, FI, FR, HU, IE, IT, LV, LT, PL, RO, SK, EL, ES, SE.
[44] Cuireadh Accedere|Invitalia chun feidhme san Iodáil, agus cuireadh Acceder chun feidhme in Gabinete de Comunicación na Spáinne.
[45] BG, EE, HR, LV, RO, SK.
[46] HU, IE, LT, PT, FI, SE, AT, CZ, ES, SI.
[47] Le fáil ag: https://romako.diak.fi/romako-askeleet-huomiseen/.
[48] CZ, EL, SK, HU, IE.

Chomh maith le róil sheanbhunaithe mar idirghabhálaithe ar fud earnálacha éagsúla[49], tá méadú ag teacht ar líon na bpost riaracháin ardleibhéil a bhíonn ag Romaigh. Sheol Roinn Dlí agus Cirt na hÉireann clár píolótach le haghaidh Intéirneachtaí sa Státseirbhís don Lucht Siúil agus do na Romaigh. Thuairiscigh roinnt Ballstát[50] go ndearnadh tacaíocht fostaíochta a chomhcheangal le bearta um chuimsiú sóisialta amhail meantóireacht, trí chistiú CSE+ go minic. Sampla suntasach is ea tionscadal Rom Werkt na Beilge, ina n-úsáidtear cistí CSE+ chun tacaíocht atá íogair ó thaobh an chultúir de a thairiscint maidir le fostaíocht agus rannpháirtíocht, agus í saincheaptha do riachtanais na Romach.

An measúnú agus na dúshláin atá fós ann

D'ainneoin feabhas a bheith ag teacht de réir a chéile ó 2016 i leith, tá rannpháirtíocht na Romach i margadh an tsaothair fós go mór chun deiridh ar rannpháirtíocht an phobail i gcoitinne. Is dúshlán mór struchtúrach fós é an t-aistriú ó fhostaíocht neamhfhoirmiúil nó ar bheagán oiliúna go poist níos cobhsaí agus ar cháilíocht níos airde, agus bíonn bearnaí scileanna agus deighilt ghairme ina mbaic air go minic. Chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí agus chun timthriall na bochtaineachta idirghlúine a bhriseadh, ba cheart do na Ballstáit tús áite a thabhairt don fhoghlaim aosach agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, lena gcuirfear conairí athdheise agus tacaíocht litearthachta ar fáil a chuirfidh ar chumas luathfhágálaithe scoile agus daoine fásta aistriú chuig fostaíocht chobhsaí ardcháilíochta.

Tá go leor Ballstát fós ag brath go príomha ar bhearta fostaíochta príomhshrutha, a mbíonn for-rochtain agus coimircí a bhaineann go sonrach leis na Romaigh in easnamh orthu go minic. Tá for-rochtain spriocdhírithe, go háirithe ar Romaigh nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna agus ar mhná Romacha, teoranta i gcónaí, laghdú ar éifeachtacht na tacaíochta fostaíochta.

Cé go gcuireann leathnú an gheilleagair shóisialta deiseanna nua ar fáil le haghaidh imeascadh i margadh an tsaothair, beidh a ról fós teoranta ó thaobh scála de agus ní bealach cuimsitheach i dtreo fostaíocht inbhuanaithe é go fóill d'fhormhór na gcuardaitheoirí poist ar Romaigh iad. Is iad idirdhealú leanúnach i margadh an tsaothair agus an bhearna fostaíochta idir fir agus mná na príomhbhacainní fós, agus is tionscnaimh ghearrthéarmacha fós iad go leor de na tionscnaimh, rud a chuireann teorainn lena n-inbhuanaitheacht agus leis an aistriú chuig fostaíocht chobhsaí.

Treoraíocht maidir le tuilleadh feabhais

Chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo cuspóirí ar leibhéal an Aontais a bhaint amach, agus i gcomhréir leis an 'gcur chuige coiteann ach difreáilte', iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

[49] BG, ES, FR, HR, PL, PT, RO, SK.
[50] AT, BE, EL, ES, FR, IT, SK.

- **tacaíocht fostaíochta spriocdhírithe do na Romaigh a neartú**, go háirithe do dhaoine óga agus do mhná, trí fhor-rochtain, treoir agus gníomhachtú, i gcomhar le fostóirí, seirbhísí poiblí fostaíochta agus comhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear trí thionscnaimh gheilleagair shóisialta i gcás inarb iomchuí;
- **tacaíocht fostaíochta spriocdhírithe do na Romaigh a chomhcheangal** le conairí inrochtana i dtreo na gairmoiliúna, na foghlama aosaí agus na foghlama ar feadh an tsaoil nó an oideachais athdheise, agus a áirithiú freisin go sroichfidh bearta príomhshrutha fostaíochta na Romaigh go héifeachtach agus go bhfeabhsófar an rochtain ar fhostaíocht ardcháilíochta inbhuanaithe;
- **dlús a chur le gníomhaíocht in aghaidh idirdhealú sa mhargadh saothair agus in aghaidh an fhrithghiofógachais**, lena n-áirítear trí fheasacht a mhúscailt agus trí reachtaíocht maidir le cóir chomhionann a fhorfheidhmiú ar bhealach níos láidre i gcomhar le comhlachtaí comhionannais agus le sochaí shibhialta na Romach.

II.VI Sláinte na Romach a fheabhsú agus rochtain chomhionann éifeachtach ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí sóisialta ardcháilíochta a mhéadú

Creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh - na príomhspriocanna do 2030:

- bearna ionchais saoil na Romach i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne a laghdú faoina leath ar a laghad

Is ceart bunúsach í an rochtain ar chúram sláinte agus is bunchloch den chuimsiú sóisialta í. Mar sin féin, tá go leor pobal Romach fós ag maireachtáil faoi dhálaí a dhéanann difear diúltach dá sláinte, lena n-áirítear drochthithíocht agus drochshláintíocht, nochtadh comhshaoil do rioscaí agus gan ach rochtain theoranta acu ar sheirbhísí fíor-riachtanacha. Cuireann bacainní amhail easpa árachais sláinte, bacainní riaracháin, fad ó shaoráidí cúraim sláinte agus idirdhealú maidir le suíomhanna cúraim sláinte teorainn bhreise leis an rochtain, agus bíonn iarmhairtí ann do dhaoine aonair agus don tsochaí araon.

Deimhníodh sna torthaí ó Shuirbhé 2024 maidir leis na Romaigh go bhfuil neamhionannais mhóra sláinte ann fós. Maireann fir Romacha 8 mbliana níos lú ar an meán, agus maireann mná Romacha 7,4 bliain níos lú ar an meán, ná an pobal i gcoitinne. Léiríonn na bearnaí sin neamhionannais leanúnacha maidir le sláinte agus an rochtain ar chúram sláinte agus maidir le míbhuntáistí socheacnamaíocha níos leithne. Thuairiscigh na páirtithe leasmhara go mbíonn tionchar láidir ag deitéarmanaint shóisialta amhail tithíocht, fostaíocht, bochtaineacht agus idirdhealú ar thorthaí sláinte na Romach, agus d'iarr siad freagairtí comhtháite lena gcomhcheanglaítear cúram sláinte le tacaíocht shóisialta agus for-rochtain phobail. Aithníodh go raibh rioscaí sláinte an-ard ag bagairt ar mhná Romacha, go háirithe agus rochtain á lorg acu ar chúram sláinte máthartha agus atáirgthe, léiriú ar an ngá le seirbhísí spriocdhírithe atá íogair ó thaobh an chultúir de.

Na príomhnithe a baineadh amach

Chuir líon suntasach Ballstát[51] bearta chun feidhme chun feabhas a chur ar shláinte na Romach agus ar a rochtain ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí sóisialta. Rinne roinnt Ballstát[52] ról na n-idirghabhálaithe idirchultúrtha a institiúidiú a thuilleadh, agus líonraí seanbhunaithe acu a chabhródh chun na Romaigh a threorú trí na córais sláinte, a d'fheabhsódh an chumarsáid le

[51] BE, BG, CZ, FI, FR, DE, EL, HU, IT, NL, RO, SK, ES.
[52] BE, BG, ES, LV, LT, PL, RO, SK.

soláthraithe, agus a thacódh leo an chóireáil a leanúint. Mar shampla, fostaíonn an Rómáin líonra cobhsaí idirghabhálaithe sláinte agus altraí pobail, agus soláthraíonn an Phortaingéil oiliúint do ghairmithe sláinte maidir leis na neamhionannais struchtúracha agus na bacainní a chuireann le hionchas saoil níos ísle i measc na Romach.

Leathnaigh an Ghréig agus an Bhulgáir an rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte fíor-riachtanacha do Romaigh neamhárachaithe, lena n-áirítear scagthástáil dheimhnithe do naíonáin nuabheirthe gan beann ar stádas árachais. Rinne Ballstáit eile[53] infheistíocht i bhforbairt eolais maidir le sláinte na Romach, lena n-áirítear trí shuirbhéanna tiomnaithe, bailiú sonraí spriocdhírithe le coimircí, agus uirlisí faireacháin feabhsaithe. Sa tSeicia, cuireadh síneadh leis an sprioc-am le haghaidh iarratais faoin scéim cúitimh do mhná Romacha a steirilíodh go neamhdhleathach chun go mbeidh níos mó íospartach in ann iarratas a dhéanamh.

An measúnú agus na dúshláin atá fós ann

Tá rochtain éifeachtach chothrom ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí sóisialta fós ina príomhdhúshlán, go háirithe do na Romaigh atá ina gcónaí i gceantair imeallaithe, i gceantair tuaithe nó i gceantair iargúlta agus dóibh siúd nach bhfuil stádas riaracháin cobhsaí acu. Is trí chórais phríomhshrutha go príomha a sholáthraítear cúram sláinte. Cé gur cuireadh feabhas ar an bhfor-rochtain le bearta amhail idirghabhálaithe, is minic nach mbíonn ach tionchar logánta acu fós agus é sin ag brath ar chistiú gearrthéarmach. Tá Romaigh neamhárachaithe – lena n-áirítear roinnt saoránach soghluaiste de chuid an Aontais agus náisiúnaigh neamd-AE gan doiciméid – fós i mbaol eisiaimh i roinnt Ballstát.

Baineann an t-idirdhealú agus an frithghiofógachas i suíomhanna cúraim sláinte an bonn den mhuinín fós agus den iompraíocht faoina lorgófaí cúram sláinte tráthúil, agus cuireann faireachán teoranta ar thorthaí sláinte na Romach srian ar cheapadh beartas fianaisebhunaithe. Gan gníomhaíocht chomhtháite chun aghaidh a thabhairt ar dheitéarmanaint shóisialta níos leithne na sláinte agus gan gníomhaíocht chomhordaithe ar fud réimsí beartais, ní dócha go ndéanfaidh feabhsuithe ar an rochtain ar chúram sláinte astu féin laghdú suntasach ar na neamhionannais. Ba cheart a áireamh leis sin meabhairshláinte agus tacaíocht mhothúchánach níos fearr chun dul i ngleic leis an strus agus tráma fadtéarmach a eascraíonn as idirdhealú leanúnach agus eisiamh sóisialta.

Treoraíocht maidir le tuilleadh feabhais

Chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo cuspóirí ar leibhéal an Aontais a bhaint amach, agus i gcomhréir leis an ‘gcur chuige coiteann ach difreáilte’, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **rochtain chomhionann agus éifeachtach ar chúram sláinte ar ardchaighdeán a áirithiú** trí bhacainní riaracháin, airgeadais agus eile a dhéanann difear do phobail Romacha a laghdú, lena n-áirítear bacainní a bhaineann le cumhdach árachais, doiciméadacht, bochtaineacht nó stádas cónaithe, agus cúram sláinte coisctheach, máthartha, atáirgthe agus meabhrach a neartú freisin;
- **ról idirghabhálaithe sláinte Romacha agus seirbhísí for-rochtana pobail a institiúidiú agus a chistiú ar bhealach inbhuanaithe**, go háirithe i gceantair imeallaithe agus iargúlta, agus cúram sláinte atá íogair ó thaobh an chultúir de agus litearthacht sláinte a chur chun cinn agus comhar idir na seirbhísí cúraim sláinte, na seirbhísí sóisialta agus na pobail Romacha a chur chun cinn freisin;

[53] SK, SI, FR, ES, IE.

- **aghaidh a thabhairt ar dheitéarmanaint shóisialta na sláinte** trí bheartais chomhtháite lena nasctar cúram sláinte le tithíocht, sláintíocht, oideachas, fostaíocht agus laghdú na bochtaineachta, a mbeidh tacaíocht acu ó fhaireachán níos láidre, rannpháirtíocht na Romach agus cistiú inbhuanaithe, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil pobail mhóra Romacha.

II.VII Rochtain chomhionann éifeachtach ar thithíocht leormhaith iar-leithscartha agus ar sheirbhísí riachtanacha a mhéadú

Creat straitéiseach AE maidir leis na Romaigh - na príomhspriocanna do 2030:
- laghdú aon trian ar a laghad an bhearna i ndíothacht tithíochta
- a áirithiú go mbeidh rochtain ag 95 % ar a laghad de na Romaigh ar uisce buacaire
- an bhearna sa phlódú a laghdú faoina leath ar a laghad

Tá ríthábhacht le tithíocht leormhaith dhídheighilte don dínit, don tsláinte agus don rochtain ar sheirbhísí bunúsacha agus ar chearta bunúsacha. Bíonn tionchar díreach aici ar thorthaí san oideachas, sa tsláinte agus san fholláine, agus tacaíonn sí le cúram teaghlachbhunaithe freisin, rud a choisceann scaradh nach gá. Mar sin féin, ní mór do go leor teaghlach Romach ar fud an Aontais dul i ngleic le drochdhálaí tithíochta agus deighilt cónaithe fós.

Léiríodh sa Suirbhé Romach 2024 go bhfuil 47 % de na Romaigh ina gcónaí i dtithe taise nó dorcha nó i dtithíocht gan sláintíocht chuí (i.e. go bhfuil siad i ndíth tithíochta). Cé gur feabhsú é sin i gcomparáid le 2016 (61 %), tá sé fós i bhfad os cionn mheán an Aontais (18 %)[54]. Tá plódú fós ann, agus 83 % de na Romaigh ina gcónaí i dteaghlaigh nach bhfuil spás maireachtála leordhóthanach acu. Le linn na gcomhairliúchán, thug páirtithe leasmhara dá n-aire go ndíríonn na beartais tithíochta ar dhálaí maireachtála i dtimpeallachtaí deighilte a fheabhsú den chuid is mó agus chuir siad i dtábhacht go bhfuil gá le beartais tithíochta phríomhshrutha a chomhlánú le bearta spriocdhírithe le haghaidh pobail imeallaithe Romacha agus le faireachán níos láidre ar thorthaí na dídheighilte.

Na príomhnithe a baineadh amach

Thuairiscigh thart ar leath na mBallstát bearta lena gcuirfí feabhas ar rochtain na Romach ar thithíocht leormhaith dhídheighilte agus ar sheirbhísí bunriachtanacha, agus meascán d'idirghabhálacha spriocdhírithe[55] agus de chórais phríomhshrutha in úsáid lena ngabhann coimircí do na Romaigh[56]. Tá dul chun cinn le feiceáil sna haistrithe tithíochta. San Iodáil, tháinig laghdú suntasach ar an líon daoine a bhfuil cónaí orthu i lonnaíochtaí deighilte, agus úsáideann an Fhrainc an t-ardán digiteach Resorption-Bidonvilles chun teaghlaigh a aistriú amach as slumaí sealadacha agus isteach i dtithe buana. Sa tSlóivéin, comhtháthaíonn údaráis áitiúla lonnaíochtaí deighilte i bpleananna uirbeacha bardasacha, agus bhain an Rómáin úsáid as an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil chun an acmhainneacht náisiúnta agus áitiúil le haghaidh idirghabhálacha comhtháite i lonnaíochtaí neamhfhoirmiúla a neartú.

Daingníodh na hiarrachtaí sin a thuilleadh le forbairtí reachtacha, lena n-áirítear glacadh an Dlí maidir le Tithíocht Inacmhainne i Lucsamburg agus an Achta um Thacaíocht Tithíochta sa

[54]Le fáil ag: Eurostat 2023,https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/tessi291/default/table?lang=ga.
[55] BE, BG, CZ, ES, IT, LT, RO, SK.
[56] DE, FI, FR, IE, SI.

tSeicia. Faoi shamhail na Seicia, comhcheanglaítear tacaíocht áitiúil do thithíocht, bearta fritd-idirdhealaithe agus cláir 'Tús Áite don Tithíocht' chun cabhrú le teaghlaigh Romacha bogadh isteach i dtithe cobhsaí comhtháite, agus toirmisctear infheistíochtaí i dtithíocht shóisialta i limistéir dheighilte freisin. Dhírigh roinnt tíortha freisin ar fheabhas a chur ar an mbonneagar i lonnaíochtaí atá ann cheana. D'infheistigh an Ghréig agus an Chróit i bhfóntais amhail uisce, leictreachas agus séarachas, agus sa Pholainn, chuidigh tionscadail athchóirithe tithíochta agus ceannach réadmhaoine ar an margadh tánaisteach le teaghlaigh Romacha feabhas a chur ar a staid tithíochta[57].

An measúnú agus na dúshláin atá fós ann

Is í an deighilt chónaithe fós an príomhdhúshlán struchtúrach i roinnt Ballstát, rud a chuireann teorainn le rochtain na dteaghlach Romach ar thithíocht leormhaith agus a chuireann leis an eisiamh ar fud an oideachais, na fostaíochta agus an chúraim sláinte. Tá díshealbhuithe éigeantais fós ina n-ábhar mór imní, go háirithe nuair a tharlaíonn siad gan coimircí leordhóthanacha ná rochtain ar chóiríocht leormhaith.

Cuireann brúnna sna margaí tithíochta srian ar an dul chun cinn agus cuireann siad i dtábhacht an gá atá le bearta níos láidre chun rochtain ar thithíocht inacmhainne agus neamhscartha a leathnú. Laghdaítear an rochtain ar réitigh tithíochta chobhsaí do neart teaghlach Romach de bharr costais tithíochta atá ag dul i méid, go háirithe i gceantair uirbeacha, soláthar teoranta tithíochta sóisialta agus ceanglais riaracháin shriantacha, chomh maith le heaspa doiciméadachta céannachta nó bacainní maorlathacha ar sheoladh a chlárú. Cuireann idirdhealú maidir le rochtain ar thithíocht, lena n-áirítear ar an margadh cíosa príobháideach, teorainn bhreise le deiseanna do theaghlaigh tithíocht leormhaith dhídheighilte a fháil.

Cé gur thuairiscigh roinnt Ballstát bearta chun feabhas a chur ar an mbonneagar i lonnaíochtaí, an rochtain ar thithíocht shóisialta a leathnú agus tacú le hathlonnú go dtí tithíocht phríomhshrutha, tá a dtionchar fós míchothrom. Bíonn go leor tionscnamh teoranta ó thaobh scála de nó cuirtear chun feidhme iad ar bhonn tionscadail, agus gan ach beagán faireacháin á dhéanamh ar thorthaí na dídheighilte. Go háirithe, ní gá gur leithscaradh inbhuanaithe a bheadh mar thoradh ar bhéim leanúnach ar na dálaí i lonnaíochtaí dídheighilte a fheabhsú.

Treoraíocht maidir le tuilleadh feabhais

Chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo cuspóirí ar leibhéal an Aontais a bhaint amach, agus i gcomhréir leis an 'gcur chuige coiteann ach difreáilte', iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le Bearta chun rochtain chomhionann ar thithíocht leormhaith dhídheighilte a áirithiú do na Romaigh, agus chun aghaidh a thabhairt ar lonnaíochtaí deighilte, **aghaidh a thabhairt ar dheighilt chríochach agus chónaithe** trí chonairí comhtháite, fadtéarmacha agus inbhuanaithe a chur chun cinn ó lonnaíochtaí deighilte go tithíocht leormhaith i bpobail phríomhshrutha, rochtain ar sheirbhísí riachtanacha agus ar bhonneagar riachtanach a áirithiú agus faireachán córasach a dhéanamh ar thorthaí na dídheighilte, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil pobail mhóra Romacha;
- i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar sheirbhísí ag daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, **rochtain ar thithíocht inacmhainne, leormhaith neamd-leithscartha a leathnú**

[57]Le fáil ag: https://www.gov.pl/web/mniejszosci-narodowe-i-etniczne/programy-integracji-spolecznosci-romskiej.

trí sholáthar méadaithe tithíochta sóisialta, tacaíocht spriocdhírithe do dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, ceanglais riaracháin shimplithe agus gníomhaíocht níos láidre in aghaidh an idirdhealaithe ar an margadh cíosa príobháideach;

- úsáid a bhaint as an tSraith Straitéisí Oibríochtúil maidir le húsáid chistí an Aontais le haghaidh infheistíochtaí i dtithíocht shóisialta agus i seirbhísí gaolmhara, arna foilsiú ag an gCoimisiún, d'fhonn comharsanachtaí iar-leithscartha cuimsitheacha a chur chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais na bpobal imeallaithe;
- **díshealbhuithe éigeantais agus éiginnteacht tithíochta a chosc** trí thionacht shlán, sásraí luathrabhaidh agus cosanta, rochtain ar chóiríocht mhalartach leormhaith, agus leanúnachas rochtana ar oideachas, ar fhostaíocht agus ar chúram sláinte a áirithiú.

III. NA ROMAIGH I RÉIGIÚN AN MHÉADAITHE[58]

Rinneadh measúnú ar staid na Romach i gcomhpháirtithe an mhéadaithe[59] trí shuirbhéanna Romacha tiomnaithe arna ndéanamh ag Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe agus ag an mBanc Domhanda agus arna maoiniú ag an gCoimisiún. Cuireadh an suirbhé ar thíortha Chomharsanacht an Oirthir (an Úcráin, an Mholdóiv agus an tSeoirsia) i gcrích in earrach 2026, agus tá an suirbhé nua ar na Balcáin Thiar fós ar siúl.

I bhformhór na dtíortha is iarrthóirí agus is iarrthóirí ionchasacha, is iad na Romaigh fós an grúpa is mó atá faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar steiréitíopaí, claontacht, idirdhealú agus frithghiofógachas, as a n-eascraíonn eisiamh sóisialta. Tá an t-idirdhealú san fhostaíocht fós forleathan, agus tá méid mór dífhostaíochta ann. Bíonn ar mhná Romacha dul i ngleic le cineálacha iomadúla idirdhealaithe freisin agus bíonn riosca breise foréigin inscnebhunaithe agus foréigin teaghlaigh ann dóibh, agus d'fhéadfadh leanaí Romacha a bheith neamhchosanta ar dhúshaothrú saothair nó ar luathphósadh éigeantais. Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar chlárú in oideachas éigeantach, tá an rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luatd-óige fós faoi bhun na meán náisiúnta, tá an ráta luathfhágála scoile fós ard agus an rannpháirtíocht san oideachas meánscoile sinsearach agus san ardoideachas fós teoranta. Níl ach rochtain theoranta ar chúram sláinte i gcónaí, go háirithe do leanaí lasmuigh den oideachas foirmiúil agus do dhaoine scothaosta. Ina theannta sin, is dálaí tithíochta neamhleora atá i neart lonnaíochtaí i gcónaí. Is measa fós staid na Romach i gComharsanacht an Oirthir mar gheall ar an easáitiú de bharr fogha na Rúise faoin Úcráin.

Ghlac comhpháirtithe uile na mBalcán Thiar, chomh maith leis an Úcráin, an Mholdóiv agus an Tuirc, straitéisí nuashonraithe maidir leis na Romaigh, nó tá siad á dtabhairt chun críche acu i gcomhréir le creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh agus i gcomhréir le gealltanais Poznań[60] do na Balcáin Thiar. Mar sin féin, tháinig deireadh in 2025 le roinnt

[58]Tagraíonn 'réigiún an mhéadaithe' do thíortha is iarrthóirí agus do thíortha is iarrthóirí ionchasacha atá i mbun phróiseas aontachais an Aontais faoi láthair. Tá liosta iomlán na dtíortha ar fáil ag: https://enlargement.ec.europa.eu/countries_ga.

[59] An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv* (*ainmniú atá gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus i gcomhréir le UNSCR 1244 agus le tuairim CBI maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive),* an Mholdóiv, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an tSeirbia, an Tuirc agus an Úcráin.

[60]Dearbhú Chomhpháirtithe na mBalcán Thiar maidir le hImeascadh na Romach laistigh de Phróiseas Méadaithe an Aontais, Poznań, 5 Iúil 2019.

pleananna gníomhaíochta náisiúnta lena gcuirfear na straitéisí sin chun feidhme, agus tá pleananna nua do na 3-5 bliana amach romhainn fós á bhforbairt ag roinnt comhpháirtithe.

Cé go bhfuil iarracht shoiléir á déanamh chun na sásraí faireacháin atá ann cheana a neartú nó sásraí nua a chur ar bun, is deacair fós an dul chun cinn a thomhas i gcás spriocanna atá róghinearálta. Aithnítear pointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh mar phríomhghníomhaithe i gcuimsiú na Romach ach ní mór aird níos mó a thabhairt ar a n-ionadú riaracháin, ar a n-acmhainneachtaí institiúideacha agus ar a n-acmhainní airgeadais. Tacaíonn Comhairle na hEorpa i gcónaí le hacmhainneacht riaracháin na bpointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh arna gcómhaoiniú ag an Aontas.

Áirítear an frithghiofógachas sna creataí náisiúnta maidir leis na Romaigh, ach níl ach bearta teoranta ann fós chun dul i ngleic leis. Cé go ndéileálann formhór na gcomhlachtaí comhionannais le cásanna idirdhealaithe in aghaidh na Romach sna Balcáin Thiar, san Úcráin agus sa Mholdóiv, ní áirítear an frithghiofógachas fós mar chatagóir ar leith i dtuarascálacha agus suirbhéanna ar an bhfritd-idirdhealú.

Déantar iarracht le straitéisí náisiúnta aghaidh a thabhairt ar fhadhb an leithscartha san oideachas agus sa tithíocht, ach ní leor na bearta dídheighilte go fóill, nach mbíonn ach cistiú teoranta acu nó atá gan aon chistiú tiomnaithe. Tacaíonn an tionscadal ‘Gníomhaíocht na Romach ar mhaithe le Lánpháirtiú na Romach’ arna chómhaoiniú ag an Aontas agus arna chur chun feidhme ag an gCiste um Oideachas na Romach, le rochtain ar oideachas do leanaí Romacha agus do Romaigh óga, ach beidh gá le tuilleadh gníomhaíochta náisiúnta chun na torthaí oideachais a fheabhsú agus chun rochtain chomhionann ar oideachas príomhshrutha ar ardchaighdeán a áirithiú ar gach leibhéal. Meastar go rachaidh na hathchóirithe ar mhargadh an tsaothair, ar scileanna agus ar oideachas faoin bPlean Fáis do na Balcáin Thiar chun tairbhe do na Romaigh a luaithe a chuirfear chun feidhme iad. Cuideoidh an suirbhé Romach leanúnach sna Balcáin Thiar freisin chun bearnaí breise a shainaithint a gcaithfear dul i ngleic leo sa chaibidlíocht maidir leis an méadú agus i gcruinnithe bliantúla na nAirí a thiomnaítear do chomhionannas agus cuimsiú na Romach.

Treoraíocht maidir le tuilleadh feabhais

Chun an dul chun cinn maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach a luathú, iarrann an Coimisiún ar na rialtais i réigiún an mhéadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- i gcás ina bhfuil siad ar iarraidh nó imithe in éag, **straitéisí náisiúnta maidir leis na Romaigh agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta tar éis 2025 a ghlacadh** atá ailínithe le creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh agus **cistiú a leithdháileadh** chun iad a chur chun feidhme ar bhealach inbhuanaithe agus **sainordú institiúideach, soláthar foirne agus acmhainní airgeadais na pointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh a neartú** agus a rannpháirtíocht i gclársceidealú, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán na gclár náisiúnta agus na gclár arna gcistiú ag an Aontas a áirithiú;
- **dlús a chur le bearta chun rannpháirtíocht na Romach i margadh an tsaothair a mhéadú,** lena n-áirítear mar fhostaithe san earnáil phoiblí; **an frithghiofógachas agus an t-idirdhealú a chomhrac go héifeachtach,** lena n-áirítear trí reachtaíocht fritd-idirdhealaithe a fhorfheidhmiú, lena n-áiritheofar rochtain ar an gceartas agus dul i ngleic leis an bhfuathchaint agus leis an bhfuathchoireacht;
- **na moltaí a chur chun feidhme** a tháinig as na suirbhéanna san Úcráin agus sa Mholdóiv maidir leis na Romaigh agus iad sin a tháinig as an tsuirbhé sna Balcáin Thiar maidir leis na Romaigh atá fós ag dul ar aghaidh.

IV. GNÍOMHAÍOCHT AN AONTAIS

Is ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht as creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh agus as Moladh 2021 ón gComhairle a chur chun feidhme. Mar sin féin, is é ról an Choimisiúin tacú leis na hiarrachtaí sin trí reachtaíocht a fhorfheidhmiú, beartais a chomhordú, ionstraimí cistiúcháin a shlógadh agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a éascú.

Reachtaíocht an Aontais a fhorfheidhmiú

Lean an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú agus cur i bhfeidhm na nithe seo a leanas: (i)an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch[61]; (ii) an Treoir athbhreithnithe maidir le Cearta Íospartach; agus (iii) an Cinneadh Réime ón gComhairle maidir le ciníochas agus seineafóibe a chomhrac. Tá trí imeacht um shárú ar siúl in aghaidh na Seicia, na Slóvaice agus na hUngáire maidir le deighilt na Romach san oideachas. Seoladh litir fógra fhoirmiúil bhreise chuig an tSeicia i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tarchuireadh an cás in aghaidh na Slóvaice chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[62].

Thairis sin, is neartú íoschaighdeán do chomhlachtaí comhionannais ar fud na mBallstát uile é glacadh Threoracha (AE)2024/1499 agus2024/1500, ionas gur féidir leo aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an idirdhealú agus cabhrú le híospartaigh rochtain a fháil ar an gceartas. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i gcónaí trí chruinnithe tiomnaithe den ghrúpa saineolaithe. Déanfaidh sé faireachán ar thrasuí tráthúil agus ceart na dTreoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais ag na Ballstáit[63] ina reachtaíocht náisiúnta trí úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil dó, lena n-áirítear idirphlé neamhfhoirmiúil agus nósanna imeachta foirmiúla um shárú.

Comhionannas na Romach a phríomhshruthú i dtionscnaimh bheartais an Aontais

Aithnítear go soiléir i Straitéis Frithchiníochais an Aontais gur cineál ciníochais ar leith é an frithghiofógachas atá fréamhaithe go domhain. I gcomhréir leis an Straitéis, leanann an Coimisiún freisin de níos mó éagsúlacht foirne agus rochtain ar dheiseanna gairme le haghaidh ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, lena n-áirítear na Romaigh, a chur chun cinn, trí fhor-rochtain spriocdhírithe in earcaíocht agus i dtréimhsí oiliúna, oiliúint ar chlaontacht do ghairmithe acmhainní daonna agus bailiú sonraí comhionannais. I gcomhthráth leis sin, cuirtear i dtábhacht sa Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026-2030 agus sa Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030 na míbhuntáistí méadaithe agus trasnacha a mbíonn ar mhná Romacha agus daoine LADTIA+ dul i ngleic leo. Lean an Coimisiún den éagsúlacht agus den chuimsiú a chur chun cinn san ionad oibre, lena n-áirítear comhionannas agus cuimsiú na Romach, trí Ardán an Aontais Eorpaigh le haghaidh Cairteacha um an Éagsúlacht. Leis an ardán, éascaítear idirphlé agus cuirtear treoraíocht ar fáil, mar shampla, maidir le cleachtais earcaíochta chuimsitheacha.

[61]Féach freisin tuarascáil 2026 ón gCoimisiún maidir leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha agus an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta a chur i bhfeidhm, atá le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52026DC0364.
[62]Le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:62023CC0799.
[63]Le fáil ag: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/inf_26_1380.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, lean an Coimisiún de chomhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach a phríomhshruthú i mbeartais, i reachtaíocht agus i gcláir cistithe ábhartha an Aontais, lena n-áirítear trína Thascfhórsa inmheánach um Chomhionannas.

I réimsí na tithíochta agus na bochtaineachta, cuireadh dlús le gníomhaíocht an Aontais chun cuimsiú na Romach a chur chun cinn le trí thionscnamh chomhlántacha a glacadh in 2025 agus 2026. Áirítear sa Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne gníomhaíochtaí chun tacú le daoine i staideanna leochaileacha, lena n-áirítear na Romaigh, agus cuirfear feabhas ar an rochtain ar thithíocht chuibhiúil trí infheistíocht agus trí bhearta tithíochta sóisialta. Comhlánaítear é sin leis an Moladh ón gComhairle maidir leis an eisiamh tithíochta, lena n-áirítear easpa dídine, a chomhrac, lena gcuirtear chun cinn cineálacha cur chuige comhtháite, pearsantaithe agus faoi stiúir tithíochta lena gcomhcheanglaítear tithíocht, seirbhísí sóisialta agus cosc chun aghaidh a thabhairt ar an easpa dídine agus ar an eisiamh. Leis an Moladh, aithnítear go bhféadfadh eisiamh ó thithíocht agus easpa dídine difear díréireach a dhéanamh do ghrúpaí áirithe, lena n-áirítear na Romaigh, agus áirítear ann bearta chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú leis an bhfor-rochtain, le critéir thrédhearcacha maidir le tithíocht shóisialta, oiliúint ar chlaontacht agus tacaíocht do thionóntaí a mbíonn orthu dul i ngleic leis an idirdhealú.

Cuirtear i dtábhacht i Straitéis AE in aghaidh na Bochtaineachta gur féidir le claontacht agus stiogma baol na bochtaineachta a mhéadú do ghrúpaí sonracha, lena n-áirítear na Romaigh, agus meabhraítear inti sprioc Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh chun bearna na bochtaineachta a laghdú faoina leath faoi 2030. Cuirtear i dtreis léi freisin tiomantas an Choimisiúin leanúint de bheith ag obair leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara maidir le bearta spriocdhírithe in aghaidh na bochtaineachta. Tá na Prionsabail maidir le beartais frithbhochtaineachta éifeachtacha[64] ag gabháil léi. Ag cur leis Moladh 2021 ón gComhairle, inar sainaithníodh leanaí Romacha mar ghrúpa tosaíochta, leis an Teachtaireacht lena neartaítear an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí fógraítear treoir chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha atá roimh leanaí Romacha maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí trí bhearta comhtháite, ó fhor-rochtain agus idirghabháil go hoideachas cuimsitheach, tacaíocht teaghlaigh agus idirghabhálacha pobalbhunaithe. Is deis straitéiseach é beartais níos spriocdhírithe agus níos éifeachtaí a chur chun cinn ar mhaithe le leanaí Romacha – a ndéanann an bhochtaineacht agus an t-idirdhealú difear díréireach dóibh – agus timthriall an eisiaimh idirghlúine a bhriseadh. Fógraítear ann freisin glao CSE+ le haghaidh moltaí, a mbaineann buiséad EUR 5 mhilliún leis chun tacú le tionscadail thrasnáisiúnta lena mbeartaítear feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht do Romaigh óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna[65]).

Tá an Moladh ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna digiteacha san oideachas agus san oiliúint ábhartha freisin do chuimsiú na Romach, ós rud é go gcuireann sé rochtain chothrom chun cinn le haghaidh grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus grúpaí imeallaithe, lena n-áirítear na Romaigh, agus iarrtar leis ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhearnaí inrochtaineachta, críochacha agus socheacnamaíocha a rannchuidíonn leis an eisiamh digiteach. Leis an Moladh ón gComhairle maidir le Caipiteal Daonna san Aontas Eorpach aithnítear na Romaigh go sainráite i measc na ngrúpaí a bhfuil bacainní rompu maidir le hoideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán, agus an gá atá le bearta spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá ann ina gcuid scileanna agus san fostaíocht á chur i dtábhacht. Sa

[64]Cuirfear na prionsabail sin i láthair go páirteach i roinn II.II. den tuarascáil seo.
[65]Le fáil ag: https://www.socialinnovationplus.eu/call/strengthening-the-european-child-guarantee-national-governance-systems-and-supporting-access-to-the-labour-market-for-roma-neets-2/.

Phlean Gníomhaíochta in aghaidh na cibearbhulaíochta ‘Níos sábháilte ar líne, níos láidre le chéile’ aithnítear go sainráite go bhfuil Romaigh agus mionlaigh chiníocha agus eitneacha eile neamhchosanta go háirithe ar chiapadh ar líne agus ar fhuathchaint neamhdhleathach a bhaineann le heisiamh sistéamach.

An úsáid is fearr a bhaint as cistí an Aontais

Sa chlárthréimhse reatha (2021-2027), cuireann CSE+ thart ar EUR 1,8 billiún ar fáil ar fud 15 Bhallstát le haghaidh idirghabhálacha spriocdhírithe ar na Romaigh san oideachas, san fhostaíocht agus sa chuimsiú sóisialta a chistiú. Comhlánaíonn CFRE é sin trí infheistíochtaí spriocdhírithe agus príomhshrutha i dtithíocht, sa bhonneagar sóisialta, san oideachas agus sa chúram sláinte, a théann chun tairbhe do na Romaigh go díreach nó go hindíreach. Le coinníoll cumasúcháin téamach tiomnaithe maidir le cuimsiú na Romach, nasctar cistí agus beartais. Sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta áirítear gníomhaíochtaí i roinnt réimsí beartais shóisialta. Comhcheanglaíonn siad infheistíochtaí agus athchóirithe agus tugann siad aird ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear na Romaigh, trí thacú le forbairt scileanna digiteacha agus airgeadais, nó le dídheighilt scoile. Cuidíonn an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil freisin leis na Ballstáit straitéisí agus beartais a cheapadh lena dtugtar aghaidh ar bhealach níos fearr ar na dúshláin a gcaithfidh pobail imeallaithe Romacha dul i ngleic leo. Mar shampla, tacaíonn an ionstraim leis an oideachas cuimsitheach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí scoile dídheighilte.

Thacaigh clár Erasmus+ le níos mó ná 480 tionscadal lena gcuirfear cuimsiú na bpobal Romach chun cinn; beagnach EUR 29 milliún an luach a bhain leis na tionscadail sin agus bhí thart ar 1500 eagraíocht ar fud an Aontais i gceist leo. Dhírigh na tionscadail go príomha ar oideachas don óige, ar oideachas scoile agus ar oideachas aosach, lena gcumhdaítear idirghabhálaithe Romacha, ar rochtain eagraíochtaí pobail Romacha ar chlár Erasmus+ a fheabhsú, ar an bhfoghlaim faoi Uileloscadh na Romach agus ar chaomhnú na Romainise. Thacaigh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach le breis agus 100 tionscadal lena gcuirfear cuimsiú na Romach chun cinn, a raibh 104 eagraíocht bainteach leo agus breis agus EUR 1,4 milliún i gceist leo, iad go príomha san oideachas, sa chultúr, sa spórt, sa tsláinte, sa ghníomhaíocht chomhshaoil, i rannpháirtíocht an phobail agus in obair dheonach don óige. Faoin gClár EU4Health (2021-2027), tá roinnt tionscnamh a dhíríonn ar neamhionannais sláinte a dhéanann difear do phobail Romacha, agus béim á leagan ar chúram sláinte coisctheach agus ar an rochtain a bhíonn ag Romaigh ar chúram sláinte. Mar shampla, le ShowUp4Health tugtar aghaidh ar ghalair neamhtheagmhálacha trí dhul i ngleic le deitéarmanaint shóisialta agus chomhshaoil agus trí litearthacht na sláinte a neartú i measc na Romach. Le tionscnaimh Eorpacha amhail SASTIPE, MENTBOX, agus JA MENTOR cuirtear chun cinn rochtain na Romach ar sheirbhísí meabhairshláinte ardcháilíochta. Thairis sin, leis an tionscadal SOLACE rinneadh cuir chuige scagthástála i leith na hailse scamhóg a phíolótú, tionscadal a bhain le pobail Romacha sa Chróit, sa Ghréig agus san Ungáir, i gcomhar le hidirghabhálaithe pobail. Cuireann Interreg deiseanna ar fáil le haghaidh comhair, rud a léiríodh leis an tionscadal CHESS START, a raibh os cionn 100 leanbh Romach ón Rómáin agus ón Ungáir páirteach ann.

Tríd an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do phointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh chun ardáin náisiúnta na Romach a chur ar bun nó a neartú lena n-áirithítear rannpháirtíocht na Romach i bpróisis chinnteoireachta. Maoiníonn an Coimisiún ROVA, tionscadal trasnáisiúnta, freisin lena neartaítear acmhainneacht ENRanna Romacha. Le EQUAL agus REM iarrtar tograí faoi ghníomhaíochtaí tacaíochta a bhaineann leis an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, chun ciníochas agus idirdhealú a chomhrac, lena n-áirítear frithghiofógachas,

chomh maith le gníomhaíochtaí comórtha agus oideachais maidir le hUileloscadh na Romach agus sclábhaíocht na Romach. Ina theannta sin, faoin gclár, feidhmíonn trí eagraíocht ar leibhéal an Aontais atá gníomhach san fhorbairt acmhainneachta, sa chultúr, san abhcóideacht agus i gcearta na Romach, agus a bheidh faoi stiúir na Romach, mar chomhpháirtithe institiúideacha an Choimisiúin agus faigheann siad deontais oibriúcháin.

Treoraíocht maidir le hÚsáid Éifeachtach Chistí an Aontais maidir le Comhionannas, Cuimsiú agus Rannpháirtíocht na Romach
Chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo cuspóirí ar leibhéal an Aontais a bhaint amach, agus i gcomhréir leis an 'gcur chuige coiteann ach difreáilte', iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit, go háirithe iad siúd a bhfuil pobail mhóra Romacha iontu, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **an nasc idir struchtúir rialachais agus cistí an Aontais a neartú,** lena n-áiritheofar go léireofar tosaíochtaí maidir le comhionannas agus cuimsiú na Romach i gceapadh, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht an chláir chun tacú le spriocanna chreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh a bhaint amach faoi 2030;
- **bearta spriocdhírithe lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha na bpobal Romach a chomhcheangal le beartais agus seirbhísí príomhshrutha cuimsitheacha**, agus aird ar leith á tabhairt ar oideachas, fostaíocht, sláinte, tithíocht agus cuimsiú sóisialta, lena n-áiritheofar gníomhaíocht chomhordaithe chomhtháite ar fud na réimsí beartais agus infheistíocht fhadtéarmach chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe iomadúla idirnasctha an eisiaimh;
- **a áirithiú go gcuirfidh infheistíochtaí arna gcistiú ag an Aontas san oideachas agus sa tithíocht prionsabail na dídheighilte agus na neamhdheighilte chun cinn,** agus tús áite á thabhairt don dídheighilt chun deireadh a chur leis an deighilt atá ann cheana nó í a laghdú go suntasach trí na Romaigh a lánpháirtiú i scoileanna agus comharsanachtaí príomhshrutha, agus a áirithiú ag an am céanna, i gcás nach féidir dídheighilt a dhéanamh láithreach, nach gcruthóidh infheistíochtaí suíomhanna nua leithscartha nó nach dtreiseoidh siad na cinn atá ann cheana (neamhdheighilt) agus go réiteoidh siad an bealach do dhídheighilt amach anseo.

Rialachas agus comhordú a neartú

Lean an Seimeastar Eorpach d'fhaireachán a dhéanamh ar staid na Romach agus de threoir a thabhairt do na Ballstáit maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a cheapadh agus a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha. I gcomhthéacs thimthriall Sheimeastar Eorpach 2026, sainaithníodh in aithrisí an Mholta ón gComhairle gur gá aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a gcaithfidh pobail Romacha sa Bhulgáir, sa tSeicia, sa Ghréig, san Ungáir, sa Rómáin agus sa tSlóvaic agus sa Spáinn dul i ngleic leo. Sna Treoirlínte comhleanúnacha maidir leis na beartais fostaíochta a ghlac an Chomhairle, sainaithnítear go seasta pobail imeallaithe Romacha i measc na ngrúpaí a dteastaíonn gníomhachtú spriocdhírithe sa mhargadh saothair uathu, lena gcomhtháthaítear comhionannas na Romach i gcreat comhordaithe bheartas fostaíochta an Aontais.

Ag féachaint chun cinn, leis na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí[66] atá ar na bacáin faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034 (CAI), tabharfar deis thábhachtach do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ar bhealach níos cuimsithí agus níos spriocdhírithe. Rinne an Coimisiún comhionannas agus cuimsiú na Romach a chomhtháthú i roinnt tograí rialála de chuid CAI 2028-2034, lena n-áirítear an méid seo a leanas: AgoraEU, an Clár um Cheartas agus Erasmus+ toisc go bhfuil cuimsiú na Romach fós ina thosaíocht pholaitiúil agus shóisialta de chuid an Aontais.

Rannpháirtíocht na Romach agus rannpháirteachas na bpáirtithe leasmhara a chur chun cinn

Thug an Coimisiún tacaíocht do rannpháirtíocht na Romach i gcónaí trí idirphlé struchtúrtha, fothú acmhainneachta agus comhar institiúideach. Gach bliain, tugann an tArdán Eorpach um Chuimsiú na Romach údaráis agus an tsochaí shibhialta le chéile chun tosaíochtaí a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna 2030 a bhaint amach. Áiríodh leis an gcomhar le páirtithe leasmhara freisin cruinnithe rialta leis na pointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh agus le húdaráis náisiúnta ábhartha eile, leis an tsochaí shibhialta agus le Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais Náisiúnta (Equinet)[67].

Lean an Coimisiún dá chomhar leis na Ballstáit ag a bhfuil Uachtaránacht rothlach Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus le Parlaimint na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh ionad ard ag comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach ar an gclár oibre polaitiúil i gcónaí. Thacaigh sé go gníomhach freisin le Seachtain na Romach, le Lá Idirnáisiúnta na Romach, agus leis an Lá Cuimhneacháin ar Uileloscadh na Romach trí ráitis thiomnaithe a eisiúint, agus ghlac sé páirt i searmanas comórtha Auschwitz an 2 Lúnasa.

An comhionannas a chur chun cinn agus an frithghiofógachas a chomhrac

Chun an frithghiofógachas a chomhrac, tá gá le gníomhaíocht leanúnach sna réimsí beartais uile. Is cur chuige déach atá á shaothrú ag an gCoimisiún: aghaidh a thabhairt air go díreach trí ghníomhaíocht spriocdhírithe agus trí chumarsáid phoiblí, agus comhrac an fhrithghiofógachais phríomhshruthú ar fud réimsí beartais earnála ag an am céanna.

I gcaitheamh na mblianta, lean an Coimisiún dá chomhar struchtúrtha le Comhairle na hEorpa, trí raon clár comhpháirteach, eadhon: (i) an clár um Chuimhne na Romach a seoladh i mí an Mheithimh 2024, lenar cuireadh feasacht ar Uileloscadh na Romach agus cuimhneachán air chun cinn; (ii) ROMACT, lenar neartaíodh cumas na n-údarás áitiúil agus réigiúnach oibriú chun cuimsiú na Romach a áirithiú; agus (iii) EQUIROM, a rinne an frithghiofógachas a chomhrac trí insintí dearfacha faoi na Romaigh sna meáin. Ina theannta sin, is é is aidhm don fheachtas meáin shóisialta 'Roma On Par' a seoladh ar Lá Idirnáisiúnta na Romach, an frithghiofógachas a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí diúltacha maidir leis na Romaigh.

Tacaíonn an Coimisiún freisin le hobair UNESCO maidir le hoideachas frithchiníochais san Aontas, a fógraíodh sa Straitéis Frithchiníochais. I mí an Mhárta 2026, sheol UNESCO tionscadal dhá bhliain, arna mhaoiniú ag an gCoimisiún, lena dtabharfar aghaidh go sonrach ar chineálacha ciníochais amhail an frithghiofógachas. Is é is aidhm don tionscadal acmhainní a chur ar fáil d'oideoirí chun daltaí a theagasc faoin gciníochas comhaimseartha agus an

[66]Faoin togra ón gCoimisiún le haghaidh CAI 2028-2034, thabharfaí roinnt sruthanna cistiúcháin de chuid an Aontais le chéile leis na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.
[67]Le fáil ag: https://equineteurope.org/.

oidhreacht stairiúil a bhaineann leis, agus ar an gcaoi sin timpeallachtaí foghlama níos cuimsithí a chothú do dhaltaí Romacha[68].

CONCLÚID

Ó glacadh creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, neartaigh na Ballstáit an bonn institiúideach chun a straitéisí náisiúnta maidir leis na Romaigh a chur chun feidhme. Le linn na tréimhse 2023-2025, leanadh de phríomhstruchtúir rialachais a fhorbairt sna Ballstáit. Neartaigh pointí teagmhála náisiúnta do na Romaigh a ról comhordúcháin, tá idirphlé níos struchtúrtha ann leis na Romaigh agus leis an tsochaí shibhialta atá ar son na Romach agus, i roinnt tíortha, tuairiscíodh méadú áirithe ar ionadaíocht na Romach sa riarachán poiblí agus in oifig thofa freisin. Ina theannta sin, tá dul chun cinn soiléir déanta i roinnt réimsí beartais: mhéadaigh an t-aitheantas polaitiúil don fhrithghiofógachas, d'fheabhsaigh rannpháirtíocht leanaí Romacha in oideachas na luatd-óige, mhéadaigh na rátaí fostaíochta i measc na Romach, agus leathnaigh na Ballstáit bearta maidir le tithíocht, sláinte agus cosaint shóisialta. Thacaigh maoiniú ón Aontas le hathchóirithe agus tionscnaimh chuimsitheacha náisiúnta le linn na tréimhse.

I Suirbhé Romach 2024 léiríodh feabhsuithe ar 10 gcinn de na 16 tháscaire a úsáideadh chun faireachán a dhéanamh ar chreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh. Mar shampla, is cosúil go mbeidh formhór spriocanna chreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh a bhaineann le fostaíocht inaimsithe faoi 2030. Mar sin féin, is gá iarrachtaí substaintiúla a dhéanamh fós chun na spriocanna uile a bhaint amach, lena n-áirítear trí spriocanna náisiúnta níos comhsheasmhaí a leagan síos. Le cistiú gearrthéarmach, creataí faireacháin míchothroma agus comhordú teoranta ar fud na leibhéal rialachais, baintear an bonn i gcónaí d'éifeachtacht agus d'inbhuanaitheacht na mbeartas maidir le comhionannas agus cuimsiú na Romach.

Beidh na blianta atá le teacht cinntitheach. Chun an frithghiofógachas a chomhrac agus tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, beidh gá le tiomantas polaitiúil marthanach, athchóirithe sistéamacha éifeachtacha, acmhainneacht institiúideach níos láidre, cur chuige beartais trasearnála comhtháite agus infheistíocht fhadtéarmach intuartha. Beidh ríthábhacht le forfheidhmiú éifeachtach agus ceannaireacht láidir phoiblí freisin. Leis an CAI atá ar na bacáin, beidh deis thábhachtach ann dlús breise a chur leis na hiarrachtaí sin.

Ní hamháin go bhfuil comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach fréamhaithe i gcearta bunúsacha, is tosaíochtaí straitéiseacha don Eoraip iad freisin. I gcomhthéacs meath déimeagrafach, ganntanais lucht saothair agus iomaíocht dhomhanda atá ag dul i méid, is féidir le cuimsiú na Romach – atá ar cheann de na grúpaí daonra is óige san Eoraip – rannchuidiú le hathléimneacht eacnamaíoch freisin. Agus 2030 ag druidim linn, ní mór do chreat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh leanúint de na tosaíochtaí sin a chur chun cinn agus, an tráth céanna, ní mór dó rannchuidiú le comhtháthú agus iomaíochas fadtéarmach na hEorpa, chun go léireofar tiomantas an Aontais gan aon duine a fhágáil ar lár.

[68]Le fáil ag: https://www.unesco.org/en/articles/unesco-launches-new-programme-address-racism-and-througd-education-europe.